# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2021

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# An Tuarascáil Bhliantúil, 2021 ón Údarás Póilíneachta

## De réir alt 62O (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú) agus i gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

## Clár an Ábhair


**Réamhrá an Chathaoirligh** .......... iv

**1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta ar 2021** .......... 1

**2. Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta** .......... 2

**3. Dul chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha** .......... 6

**4. Gné-Alt: Dúnadh neamhbhailí agus gan údar teagmhas SRC** .......... 12

**5. Gné-Alt: Comhairliúchán Poiblí maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta** .......... 14

**6. Rialachas agus Struchtúr** .......... 16

**7. Faisnéis Airgeadais** .......... 29

**Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha, 2021 amhail ar an 31 Nollaig 2021** .......... 31

**Aguisín 2 – Staidreamh maidir le Ceapacháin Sinsearacha an Gharda Síochána, 2021** .......... 49

**Aguisín 3 – An Tuarascáil Airgeadais Achoimre, 2021** .......... 50

**Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach Airgeadais** .......... 51

**Aguisín 5 – Úsáid Fuinnimh 2021** .......... 55

*"….chun socrú a dhéanamh maidir le bunú agus feidhmeanna comhlachta ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó, sa Bhéarla, the Policing Authority chun maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann le seirbhísí póilíneachta."*

*Reachtaíocht bhunaidh an Údaráis Póilíneachta*





## Réamhrá an Chathaoirligh



Ar bhealach nach bhféadfaí a thuar agus an bhliain 2020 ag teacht chun deiridh, thosaigh an tríú céim den éigeandáil sláinte COVID go luath in 2021, céim a bhí an-ghníomhach go luath sa bhliain 2021. Dá bharr sin, ghlac an Rialtas bearta níos déine maidir leis na pionóis a bhain le sáruithe áirithe ar na rialacháin. Ina fhreagairt, léirigh an Garda Síochána go raibh tromchúis na paindéime an-soiléir anois do chách.

Ar ndóigh, tionchar na paindéime agus an teacht aniar a bhí inti is mó a chuir isteach ar an tsochaí agus bhí tionchar suntasach ag an méid sin ar obair na seirbhíse póilíneachta. Cé gur cuireadh bac nó moill ar roinnt forbairtí, coinníodh móiminteam mór thar réimse fairsing tionscadal athraithe agus athchóirithe. Leanadh ar aghaidh le hobair an Údaráis freisin i rith na bliana ach le níos lú caidrimh i bpearsa ná mar a raibh súil leis.

Is deis eile a bhí ann don Gharda Síochána gaireacht an chaidrimh leis an bpobal a léiriú agus, go háirithe trí Oibríocht Faoiseamh a raibh daoine an-sásta léi, chun athdhearbhú agus sábháilteacht a chur ar fáil dóibhsan a bheadh níos soghonta dá mhalairt.

Ar ndóigh, b’fhéidir gur bhris ar fhoighne an phobail leis na srianta beagán, rud a d’fhág go raibh an tasc póilíneachta níos deacra agus bhí comharthaí ann freisin nár bhraith gach duine an t-eispéireas an-dearfach a bhain le hobair an Gharda Síochána. Léirigh eachtraí i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra go soiléir agus go tromchúiseach an priacal atá ann do Ghardaí nuair a thagann agóid dhleathach i gcoinne srianta COVID chun bheith ina deis ar fhoréigean ag mionlach.

Lean an tÚdarás den mhaoirseacht sonrach ar phóilíniú rialachán na paindéime agus is taifead luachmhar ar an iarracht phóilíneachta na sé thuarascáil déag a cuireadh faoi bhráid an Aire agus is foinse shaibhir iad de fhreagairtí eagraíochtaí pobail ar fud an Stáit. Bhí an tuarascáil ón nGarda Síochána maidir leis na ceachtanna a bhí le foghlaim ó na heachtraí i mBaile Átha Cliath ina hábhar inar chuir an Coimisinéir spéis ar leith.

Díríodh aird go háirithe i rith na bliana, trí ról maoirseachta an Údaráis, ar an gcealú míchuí a rinneadh ar theagmhais 999, is é sin le rá, an taifeadadh nó an fhreagairt neamhdhóthanach ar ghlaonna éigeandála a cuireadh ar an nGarda Síochána. Mar gheall ar chineál an ábhair sin, is ábhar fíorthromchúiseach é sin ar díol mór-imní don phobal é. Is dócha go seachnófaí go leor den neamhchinnteacht agus amhras a cruthaíodh dá mba rud é gur thug an Garda Síochána níos mó eolais don Údarás agus don phobal agus dá mba rud é go ndearnadh an obair an-mhaith a rinneadh nuair a sainaithníodh an fhadhb den chéad uair i mí Mheán Fhómhair 2020 a nascadh go díreach agus go hoscailte le cineál na n-imthosca a bhí i gceist.

Choimisiúnaigh an tÚdarás scrúdaitheoir seachtrach neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna agus tuairisciú ina leith. Foilsíodh an tuarascáil eatramhach uaidh san fhómhar. Tá an obair sin ag leanúint ar aghaidh agus beidh sí ina hábhar do chaidreamh leanúnach idir an tÚdarás agus an Coimisinéir.

Saincheist fíorthromchúiseach a bhí, agus atá, i gceist, lenar bhain priacail shuntasacha. Níl sé soiléir ar chor ar bith go bhfuil tuiscint ar an réadúlacht a bhaineann leis na priacail sin, cé go dtuigeann an Coimisinéir go hiomlán iad, roinnte ar fud na heagraíochta go léir. Is tosaíocht ríthábhachtach d’obair an Údaráis, agus d’obair an Gharda Síochána, a chinntiú go ndéanfar muinín an phobail sa chóras glaonna éigeandála, a chothú agus a neartú.

Léiríodh arís na priacail atá ann do chomhaltaí den Gharda Síochána sna teagmhais sin inar lámhachadh Gardaí nó ina ndearnadh ionsaithe de chineálacha éagsúla orthu. Déanann an tÚdarás gach ionsaí den sórt sin a cháineadh go hiomlán. Cuirtear i gcuimhne leo nach féidir sábháilteacht an phobail a áirithiú gan priacal, agus, in amanna, ar chostas suntasach pearsanta.

Díríodh aird an Údaráis arís ar an bhforéigean in aghaidh ban. Is tosaíocht leanúnach é sin ina chaidreamh leis an gCoimisinéir agus a chomhghleacaithe. Tá soghontacht leanaí i leith coirpeach agus na hiarmhairtí a bhaineann lena mealladh ag an gcéanna ina dhíol spéise ar leith freisin. D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí taighde a choimisiúnaigh sé maidir le taithí leanaí agus iad faoi agallamh ag Gardaí.

Tá píosa eile taighde le coimisiúnú ar thaithí phobail éagsúla agus mionlaigh ar phóilíneacht. Is cuid d'obair an Údaráis an méid sin maidir le héagsúlacht mhéadaithe an daonra agus beartas agus cleachtas an Gharda Síochána ina leith sin.

Láithrigh an tÚdarás os comhair Coiste um Dhlí agus Ceart an Oireachtais trí huaire mar chuid de ghrinnscrúdú réamhreachtach an Choiste ar roinnt Billí tábhachtacha atá á n-ullmhú. Is deiseanna luachmhara a bhí iontu sin chun tuairimí breithnithe an Údaráis a thabhairt maidir leis na bearta sin. Bhí an Scéim Ghinearálta lena dtabharfar éifeacht do chinntí an rialtais a eascróidh as an tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta ina hábhar d'athbhreithniú mionsonraithe ag an Údarás agus is tábhachtach a shástacht a chur in iúl gur corpraíodh réimse tograí a thug sé, ag eascairt as an Scéim Ghinearálta, sa leagan is déanaí. Bhí scéimeanna maidir le Bille um Thaifeadadh Digiteach agus Bille um Chumhachtaí an Gharda Síochána faoi athbhreithniú freisin agus thug an tÚdarás aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha ina chaidreamh leis an gCoiste.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a éifeachtacht a ghabháil de láimh freisin, athbhreithniú a chumhdaigh an chéad tréimhse cúig bliana ó 2016 go 2020, de réir mar a cheanglaítear leis an reacht, agus fostaíodh comhairleoir seachtrach don tasc. B'ábhar sástachta don Údarás an tuarascáil, a foilsíodh in Aibreán 2021, mar gur léiríodh inti go raibh díriú, stiúradh straitéiseach agus modhanna oibre an Údaráis cuí agus éifeachtach. Sainaithníodh inti freisin roinnt moltaí atá curtha i ngníomh.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an Údarás as an tiomantas, fuinneamh agus díograis a léiríonn siad. Gabhaim buíochas freisin leis an bPríomh-Fheidhmeannach agus a comhghleacaithe go léir as an sárobair ghairmiúil lenar baineadh amach na cuspóirí don bhliain d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhain leis an éigeandáil sláinte.

**Bob Collins**

**22 Aibreán 2022**

## Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar an mBliain



Cé go raibh tionchar agus dúshláin COVID-19 ag leanúint ar aghaidh, shainaithnigh an tÚdarás Póilíneachta go luath sa bhliain 2021 go raibh an fhreagairt do na dúshláin sin oiriúnaithe ó thosaigh siad naoi mí roimhe sin. Lean an measúnú dírithe ar fheidhmíocht na póilíneachta mar a bhain le COVID-19 ar aghaidh ach díríodh ar roinnt ábhair eile le linn 2021 trí mhaoirseacht láidir an Údaráis ar an nGarda Síochána. Ina measc, bhí dúnadh neamhbhailí agus gan údar teagmhas SRC/999, sláine an Gharda, póilíneacht drugaí, agus freagairt an Gharda do chionta gnéasacha agus do dhrochíde sa teaghlach. Cuireadh an obair sin i gcrích trí chaidreamh leis an nGarda Síochána, le Comhchoistí Póilíneachta, le taighde agus trínár gclár caidrimh geallsealbhóirí a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear:

- 76 chaidreamh leis an nGarda Síochána chun dul chun cinn an Phlean Póilíneachta a mheasúnú;
- freastal ar 20 cruinniú de Chomhchoistí Póilíneachta; agus
- 46 chaidreamh le geallsealbhóirí chun tuiscint a fháil ar an taithí ar phóilíneacht ó thaobh pobal de.

I dteannta na sé thuarascáil a foilsíodh don Aire Dlí agus Cirt agus an Chomh-Aireacht maidir le Freagairt na Póilíneachta do COVID-19, d'fhoilsigh an tÚdarás roinnt tuarascálacha eile freisin in 2021 lena n-áirítear:

- Measúnaithe leathbhliantúla ar fheidhmíocht póilíneachta;
- Athbhreithniú ar an Scéim um Rabhadh Aosach de chuid an Gharda Síochána;
- Cearta Leanaí agus Ceistiú Póilíní: Staidéar Cáilíochtúil ar Thaithí Leanaí ar a bheith faoi agallamh ag an nGarda Síochána;
- Athbhreithniú cúig bliana ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta; agus
- An Garda Síochána agus Meabhair-Shláinte Leanaí: Imscrúdú ar chonair chun cúram sláinte meabhraí géarchéime.

Rinne an tÚdarás comhairliúchán poiblí ar mhórscála a ghabháil de láimh i mí Bealtaine, inar iarradh ar an bpobal cad iad na tosaíochtaí póilíneachta a ba cheart a bheith ag an nGarda Síochána in 2022. Léiríodh comhaontú suntasach sa chomhairliúchán, inar tugadh os cionn 3,000 freagra ar fud na tíre, maidir leis na réimsí coireachta ar cheart tosaíocht a bheith ann ina leith. Thug na freagraí ionchur tábhachtach maidir le tiomantas an Údaráis i dtaobh Tosaíochtaí Póilíneachta nua agus, in éineacht lenár gclár leanúnach caidrimh le pobail agus ENRanna ar fud na tíre, tugadh éifeacht phraiticiúil dár luachanna de bheith ag éisteacht agus ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.

Tá stádas iomlán ar baineadh amach i gcomparáid lenár dTosaíochtaí Corparáideacha, 2021 san áireamh in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo, ach ar aon amharc amháin, d'éirigh leis an údarás na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Tosaíochtaí póilíneachta na bliana 2022 a chinneadh;
- Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána do 2022 – 2024 agus an plean póilíneachta, 2022 a cheadú;
- Foilsíodh nuashonrú eatramhach agus réamhscrúdú ar dhúnadh SRC arna dhéanamh ag Derek Penman, Uas.;

- Cuireadh tús le tionscadal chun tuiscint a fháil ar an modh trína ndéanann an pobal a mhíshástacht le seirbhísí póilíneachta arna soláthar a chur in iúl, cineál agus líon na dtuairimí a léiríodh agus conas a dhéanann an Garda Síochána freagairt do na saincheisteanna a ardaítear.
- Rinneadh maoirseacht ar Chearta an Duine a leabú sa Gharda Síochána agus fuarthas dréacht de Straitéis an Gharda Síochána um Chearta an Duine;
- Tionóladh ocht gcruinniú dhéag den Údarás, a ndearnadh cúig cinn díobh a shruthú beo agus atá le fáil don phobal chun féachaint orthu ar shuíomh gréasáin an Údaráis;
- Rinneadh líon suntasach ceapachán sinsearach sa Gharda Síochána, lena n-áirítear seacht bPríomh-Cheannfort, Stiúrthóir Feidhmiúcháin amháin, Stiúrthóir amháin, deich bPríomh-Oifigeach agus 19 gCeannfort;
- Ainmníodh dhá Leas-Choimisinéir lena gceapadh ag an Rialtas;
- Baineadh úsáid as maoiniú ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí chun claochlú a dhéanamh ar an gcur chuige ar an gcomhairliúchán ar na tosaíochtaí póilíneachta agus chun uirlis do chomhairliúchán ar líne agus tosaíochta a fhostú.
- Cuireadh cur chuige maidir le caidreamh spriocdhírithe i gcrích le bainistíocht an Gharda Síochána, foireann tosaigh Aonad Drugaí na Roinne i 13 Roinn, agus le pobail.

Bhí géarchéim COVID-19 ina dúshlán don Údarás ach cuireadh deis ar fáil freisin chun an chaoi a ndéantar an obair mhaoirseachta agus an chaoi a n-oibrímid go hinmheánach a fheabhsú. Cuireadh tús le hobair in 2021, i gcomhairle leis an bhfoireann, chun an múnla don áit oibre sa todhchaí a chinneadh, agus tá dul chun cinn suntasach déanta chun na hathruithe TF, cultúir, AD agus struchtúir, a mbeadh gá leo chun go mbeidh rath ar an athrú, a sheachadadh.

Ba é 2021 an bhliain deiridh faoin Ráiteas Straitéiseach, 2019-2021 agus ghlac an tÚdarás an deis, i rith na bliana, chun féachaint ar an gcur chuige maoirseachta go dtí seo agus machnamh a dhéanamh ar na hathruithe reachtúla beartaithe atá le teacht. Léirigh an machnamh sin an chaoi ina bhféadfadh toisc sheachtrach nach rabhthas ar an eolas fúithi roimhe sin cur isteach ar obair an Údaráis agus deiseanna a sholáthar don eagraíocht a bheith solúbtha agus í féin a oiriúnú. Chinntigh an tsolúbthacht sin gur leanadh d'oibleagáidí agus feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh agus léiríodh conas a ndeachaigh an ghéarchéim chun tairbhe do chuid de na modhanna agus an cur chuige atá againn agus forbraíodh iad ar bhealaí nach rabhthas ag súil leis.

In 2021, leanadh den tacaíocht a bhíonn le fáil ón Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus gníomhaireachtaí eile sa chóras Ceartais Choiriúil, tacaíocht a bhfuilim an-bhuíoch aisti. Chuaigh méid agus flaithiúlacht an chaidrimh a bhí againn le go leor d'eagraíochtaí na sochaí shibhialta agus comhlachtaí reachtúla chun tairbhe don Údarás agus éascaíodh dúinn tusicint níos fearr a fháil ar thaithí an phobail ar an bpóilíneacht.

Mar aon leis an mbliain seo caite, léiríodh in 2021 tiomantas m'fhoireann. Chuaigh siad in oiriúint go leanúnach don timpeallacht oibre agus neamhoibre a bhí ag athrú ach níor theip ar a dtiomantas chun obair an Údaráis a thacú agus a sheachadadh. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le comhaltaí an Údaráis as an bpaisean agus an tacaíocht a d'éascaigh dúinn an oiread sin a sheachadadh in 2021. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coimisinéir an Gharda Síochána agus na daoine sa Gharda Síochána ag gach leibhéal a sholáthair faisnéis agus a bhí i mbun caidrimh leis an Údarás ar bhealach táirgiúil agus gairmiúil.

**Helen Hall**
**22 Aibreán 2022**

## 1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta ar 2021

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# ATHBHREITHNIÚ AR 2021

| 18 | 20 | 3 | 12 | 6 |
|---|---|---|---|---|
| GCRUINNIÚ DEN ÚDARÁS | CRUINNIÚ COISTE | OCÁID AR LÍNE | FHOILSEACHÁN | THUARASCÁIL COVID-19 |

**SLÁINE AN GHARDA SÍOCHÁNA**
Maoirseacht déanta ar na Gardaí le linn dóibh Cearta an Duine agus Tionscnaimh Póilíneachta a chomhardú chun éilliú a chosc agus a chomhrac agus póilíneacht eiticiúil a chur chun cinn. Áirítear tuairisciú ar phóilíneacht na géarchéime sláinte Covid-19.

**PÓILÍNEACHT DRUGAÍ**
Caidreamh déanta le bainistíocht an Gharda Síochána agus comhaltaí tosaigh agus le pobail chun tuiscint a fháil ar an bhfreagairt póilíneachta atá á soláthar chun dul i ngleic le saincheist na ndrugaí i bpobail, agus éifeachtacht an chur chuige sin.

### CEAPACHÁIN

**7**
7 BPRÍOMH-CHEANNFORT

**2**
LEAS-CHOIMISINÉIR
Ainmnithe ag an Údarás lena gceapadh ag an Rialtas

**10**
BPRÍOMH-OIFIGEACH

**1**
STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

**1**
STIÚRTHÓIR

**19**
GCEANNFORT


### OBAIR ALLAMUIGH AGUS CAIDREAMH

**76**
CHAIDREAMH AR AN BPLEAN PÓILÍNEACHTA

**46**
GHEALLSEALBHÓIRÍ

**20**
COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

**3,499**
BHFREAGRA AR CHOMHAIRLIÚCHÁN



### FAISNÉIS EAGRAÍOCHTA

**€3.3M**
RÉAMHAISNÉIS CAITEACHAIS

**38**
BHFOSTAÍ

**4**
CHOMHALTA NUA DEN ÚDARÁS

**TEAGMHAIS SRC/ GLAONNA 999**
Grinnscrúdú déantar ar dhúnadh neamhbhailí agus gan údar teagmhas SRC/999, dírithe ar rialachas, maoirsiú, oiliúint agus gnéithe teicniúla. Nuashonrú eatramhach neamhspleách foilsithe maidir le hathbhreithniú an Gharda Síochána ar an ní.

**AG ÉISTEACHT LE POBAIL**
Tháinig le chéile le pobail chun a dtaithí ar phóilíneacht agus saincheisteanna a bhaineann leo a chloisteáil, chun cabhrú linn inár maoirseacht agus idirgabhálacha leis an nGarda Síochána. Comhairliúchán déanta leis an bpobal ar Thosaíochtaí Póilíneachta, 2022-2024.

### TAIGHDE

**SPARÁNACHT**
Dhá thuarascáil foilsithe ón sparánacht tionscnaimh ar an téama Leanaí agus Póilíneacht

**TAIGHDE ÍOSPARTACH**
Suirbhé agus Agallaimh ar siúl ar feadh na bliana

**AN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN**
Comhpháirtí i scéim nua 2021 'New Foundations'

**GNÍOMHAIREACHTAÍ CEARTAIS CHOIRIÚIL NA HÉIREANN**
Comhpháirtí ceannasach sa chomhdháil bhliantúil

## 2. Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bhfuil ról ríthábhachtach aige chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí póilíneachta a sholáthar in Éirinn. Bunaíodh é an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 lenar leasaíodh Acht an Gharda Síochána, 2005.

Is dócha go n-athróidh ról an Údaráis sna blianta romhainn, mar go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt i mbun reachtaíocht a dhréachtú faoi láthair chun na moltaí ó thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a chur i ngníomh. Is é atá sa phlean go mbunófar Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail nua tríd an Údarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána a chumascadh. Go dtí go mbunófar é, leanfaidh feidhmeanna reachtúla agus maoirseachta an Údaráis Póilíneachta atá ar marthain de bheith i bhfeidhm.

Oibríonn an tÚdarás thar cheithre phríomhréimse atá leagtha amach thíos. Freagracht de chuid an Rialtais nó an Aire Dlí agus Cirt a bhí i gcuid de na feidhmeanna sin roimhe seo. Tá réimse iomlán na bhfeidhmeanna le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

**Maoirseacht ar Phóilíneacht**

Is maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí póilíneachta a sholáthar an phríomhfheidhm atá ag an Údarás Póilíneachta. Déanaimid an méid sin ar roinnt bealaí, lena n-áirítear:

- Ráiteas Straitéise trí bliana an Gharda Síochána agus an Plean Póilíneachta Bliantúil a cheadú;
- Tosaíochtaí Póilíneachta agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Cruinnithe míosúla a thionól le Coimisinéir an Gharda Síochána, lena n-áirítear ceithre chruinniú poiblí gach bliain, de réir mar a cheanglaítear le reacht;
- Foinsí neamhspleácha fianaise a thógáil chun feidhmíocht a mheasúnú trí chaidreamh le réimse fairsing geallsealbhóirí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe agus sásraí laistigh den Gharda Síochána;
- Tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt agus comhairle a thabhairt dó nó di a eascraíonn as feidhmeanna an Údaráis agus ar iarraidh chuige sin; agus
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh ag an nGarda Síochána i ndáil le moltaí arna dtabhairt i dtuarascálacha ó Chigireacht an Gharda Síochána agus ó thuarascálacha tríú páirtí eile.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid seirbhísí póilíneachta ag an nGarda Síochána, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach don Aire Dlí agus Cirt maidir le feidhmeanna an Choimisinéara agus feidhmeanna an Gharda Síochána a chomhlíonadh.

**Ceapacháin**

Déanann an tÚdarás réimse gníomhaíochtaí a ghabháil de láimh a bhaineann le pearsanra sa Gharda Síochána a roghnú agus a cheapadh, amhail:

- Daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas chuig post Choimisinéir an Gharda Síochána agus post Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána;
- Comórtais roghnúcháin a ghabháil de láimh le haghaidh ceapachán chuig céimeanna sinsearacha Leas-Choimisinéara, Príomh-Cheannfoirt, agus Ceannfoirt agus ceapacháin a dhéanamh chuig na céimeanna sinsearacha sin agus chuig poist shinsearacha choibhéiseacha i bhfoireann an Gharda Síochána.

Déanann an tÚdarás maoirseacht freisin ar réimse eile feidhmeanna a bhaineann le pleanáil san áit oibre, earcaíocht, arduithe céime agus oiliúint ag an nGarda Síochána.

**Feasacht an Phobail agus Caidreamh leis an bPobal**

Tá ardmheas ag an Údarás Póilíneachta ar thrédhearcacht chun feasacht an phobail ar fheidhmíocht na póilíneachta agus saincheisteanna gaolmhara a chur chun cinn i sochaí na hÉireann lena n-áirítear don phobal i gcoitinne agus do pháirtithe leasmhara eile.

Déanann an tÚdarás cumarsáid agus caidreamh go díreach le geallsealbhóirí ríthábhachtacha chun foghlaim faoi ionchais agus taithí, agus aiseolas a fháil ina leith sin, a chabhraíonn linn inár gcuid oibre fad a thionóltar comhairliúcháin leis an bpobal i gcoitinne freisin.

D'fhonn an méid sin a bhaint amach, déanann an tÚdarás cruinnithe agus ócáidí eile a thionól go poiblí. Ina theannta sin, tá an tÚdarás tiomanta cláir agus miontuairiscí chruinnithe den Údarás, tuarascálacha agus ábhar iomchuí eile a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin.

**Taighde**

Is tosaíocht thábhachtach de chuid an Údaráis Póilíneachta é cur leis an gcnuasach eolais maidir le póilíneacht in Éirinn, chun an cleachtas is fearr a shainaithint, agus chun rannchuidiú leis an tagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baintear an méid sin amach trí thaighde a ghabháil de láimh ar an láthair chun tacú le feidhmeanna reachtúla agus tosaíochtaí corparáideacha na heagraíochta. Mar mhalairt, féadfaidh an tÚdarás tionscadail taighde a choimisiúnú nó cabhrú le tionscadail taighde maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear Sparánacht Taighde a sheoladh, agus cuireadh suas le €25,000 ar fáil in 2019 chun tionscadal nó tionscadail a mhaoiniú maidir le téamaí taighde arna roghnú ag an Údarás.

Déanann an tÚdarás freisin, líonraí a thógáil le daoine eile sa réimse póilíneachta agus maoirseachta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear comhlachtaí maoirseachta, forais acadúla agus taighde, agus geallsealbhóirí eile.

## Ár Misean

Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.


## Ár bhFís

Is é atá mar **fhís** againn go mbeadh eagraíocht póilíneachta ann atá gairmiúil agus neamhchlaonta le freastal ar an tsochaí, eagraíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil muinín ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

**Tá ár gcuid luachanna tábhachtach dúinn.**

***Léirítear* leo ár gcroíchultúr agus ár bhféiniúlacht agus *treoraíonn* siad muid sa chur chuige maidir le conas rudaí a bhaint amach.**

## Na luachanna atá againn



## 3. Dul chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

**Toradh inmhianaithe 1 – Feabhsú leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus úsáid éifeachtúil éifeachtach acmhainní poiblí ag an nGarda Síochána.**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| **Creat éifeachtach arna chur i ngníomh don Gharda Síochána maidir le feidhmíocht a thomhas agus cuntasacht** | • Cur chuige chun caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí forbartha agus leathnaithe tuilleadh chun cabhrú le hobair mhaoirseachta, cearta an duine agus comhionannas agus feidhmíocht an Gharda Síochána a mheasúnú.<br>• Leag an tÚdarás síos na Tosaíochtaí Póilíneachta don tréimhse 2022-2024 tar éis próiseas comhairliúcháin a lean ar aghaidh ar feadh míosa agus taighde a ghabháil de láimh a bhain le póilíneacht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.<br>• D'údaraigh an tÚdarás Ráiteas Straitéiseach an Gharda Síochána, 2022-2024 agus an Plean Póilíneachta, 2022, le dearbhuithe go ndíreofaí ar na Tosaíochtaí thuas leo.<br>• Tharla caidreamh leanúnach leis an nGarda Síochána i ndáil le feidhmíocht, lena n-áirítear, mar shampla, trí na nithe seo a leanas:<br>  ◦ Aon chaidreamh déag leis an Údarás maidir le réimse de théamaí maoirseachta, ar tionóladh seacht gcinn díobh go poiblí.<br>  ◦ Maoirseacht, ar bhonn míosúil, ar fheidhmíocht in aghaidh an Phlean Póilíneachta, 2021;<br>  ◦ Seacht gcruinniú den Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta agus cúig chruinniú den Choiste um Fhorbairt Eagraíochta, lena n-áirítear caidreamh le hionadaithe sinsearacha den Gharda Síochána;<br>  ◦ Foilsíodh Measúnachtaí leathbhliantúla maidir le Feidhmíocht Póilíneachta; agus;<br>  ◦ Foilsíodh sé thuarascáil ar Fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn COVID-19.<br>• Maoirseacht dírithe ar réimsí ríthábhachtacha, lena n-áirítear: póilíneacht drugaí agus a bhain le drugaí; cur ar ceal míchuí glaonna SRC/999; an fhreagairt do chionta gnéis agus drochíde sa teaghlach; cearta an duine agus sláine an Gharda Síochána. |
| **Nuachóiriú agus feabhsú córasach ar an nGarda Síochána** | • Rannpháirteach go gníomhach sa Ghrúpa Comhpháirteach maidir le hAcmhainní an Gharda Síochána.<br>• Thug Coiste um Fhorbairt Eagraíochta an Údaráis aghaidh ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag an nGarda Síochána i ndáil le téamaí ríthábhachtacha shláine an Gharda, acmhainní daonna, rialachas agus |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| | bonneagar.<br>• Rinneadh breithniú ar dhul chun cinn an Gharda Síochána maidir le réimse straitéisí a chur i ngníomh, lena n-áirítear an fhís Faisnéise agus Teicneolaíochta, an Straitéis um Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht agus an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht.<br>• Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána i réimse an Fhrith-Éillithe agus dul chun cinn maidir leis an dara hIniúchadh ar Chultúr.<br>• Leanadh de mhaoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an Mhúnla Oibríochta. Bhí caidreamh ann ar bhonn ráithiúil leis an bhFoireann Lárnach um Chur i nGníomh agus tionóladh cúig chruinniú le foirne Múnla Oibríochta Roinne. |

**Toradh inmhianaithe 2 – Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna láidre eitice ar fud an Gharda Síochána**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| **Rannchuidiú le cleachtais feabhsaithe chun tacú le cearta an duine agus cultúr an Gharda Síochána a fheabhsú lena n-áirítear trí (a) chaighdeáin eiticiúla iompair agus cleachtais, agus (b) fhorálacha chun tuairisciú éagóra a spreagadh agus a éascú** | • Rinneadh maoirseacht ar na céimeanna arna nglacadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú agus dearbhaíodh cáilíocht ina leith sin. Rannpháirteach i gcruinnithe leis an mBiúró Cultúir agus Eitice chun breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ráithiúla agus fionnachtana a thuairisciú do Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána.<br>• Rinneadh caidreamh leis an nGarda Síochána maidir le réimse fairsing saincheisteanna sláine, lena n-áirítear araíonacht, fionraí, nochtuithe cosanta agus frith-éilliú.<br>• Freastal mar bhreathnóir ag cruinnithe den Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine a raibh Coimisinéir an Gharda Síochána ina chathaoirleach orthu.<br>• Tuairimí tugtha i ndáil le dréacht-Straitéis an Gharda Síochána um Chearta an Duine. |
| **Córas ceapacháin dea-bhunaithe, lánfheidhmeach d'fhoireann uile an Gharda Síochána a thagann faoi shainchúram an Údaráis** | • Leanadh den phróiseas ceapacháin chun céimeanna sinsearacha an Gharda Síochána a fhorbairt de réir an dea-chleachtais agus forbraíodh tástáil shíciméadrach saincheaptha do chomórtas na bliana 2021 maidir le Ceannfort a roghnú.<br>• Bhí comórtas roghnúcháin ann agus bunaíodh painéal iarrthóirí lena gceapadh chuig céim an Cheannfoirt (Iúil 2021). Go cianda a tionóladh an comórtas sin agus seachadadh é go héifeachtach, éifeachtúil agus go pras.<br>• Le linn 2021, ceapadh 26 iarrthóir chuig céimeanna sinsearacha (Leas-Choimisinéir amháin, seacht bPríomh-Cheannfort agus 18 gCeannfort). |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| | • Próiseáladh iarrataí agus ceadaíodh gráid agus líon maidir le 100 post nua d'fhoireann an Gharda Síochána.<br>• Ceapadh aon duine dhéag chuig poist shinsearacha d'fhoireann an Gharda Síochána ag leibhéal an Phríomh-Oifigigh. Ina theannta sin, bhí ceapachán amháin ann ag leibhéal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, agus Stiúrthóir amháin, ar post gníomhach a bhí ann. |
| **Socruithe maidir le comhaltaí den Gharda agus foireann an Gharda a earcú, a chur faoi oiliúint agus a fhorbairt a choimeád faoi bhreithniú** | • Cé go raibh Coláiste an Gharda Síochána fós dúnta sa chéad chuid den bhliain 2021, lean an tÚdarás den chaidreamh ar chur chuige athbhreithnithe maidir le hoiliúint do Ghardaí ar promhadh. Tionóladh sraith cruinnithe freisin le Gardaí teagaisc gar do dheireadh na bliana 2021, chun tuiscint níos fearr a fháil ar a dtaithí maidir le meantóireacht a dhéanamh le promhóirí agus mic léinn.<br>• Bhí caidreamh suntasach ann leis an nGarda Síochána i ndáil le hoiliúint do phromhóirí. Tionóladh sraith cruinnithe le Gardaí teagaisc gar do dheireadh na bliana 2021 d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na leibhéil oiliúna agus tacaíochta do phromhóirí le linn na paindéime.<br>• Maoirseacht leanúnach ar chóras bainistíochta ríomhfhoghlama an Gharda (LMS) agus an Mol Digiteach Foghlama nua.<br>• Caidreamh maidir leis an Grúpa Sainchomhairleach Athbhreithnithe Foghlama agus Forbartha.<br>• Rinneadh maoirseacht ar spriocanna earcaíochta chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána, lenar áiríodh caidreamh maidir le rátaí luathfhágála.<br>• Rinneadh caidreamh le Foireann Ardcheannasaíochta an Gharda Síochána maidir le pleanáil an fhórsa saothair.<br>• Rinneadh caidreamh ar bhonn rialta le hAcmhainní Daonna agus Forbairt Foirne an Gharda Síochána maidir le pleanáil an fhórsa saothair agus fuarthas plean maidir le poist tosaíochta go déanach in 2021.<br>• Maoirseacht leanúnach ar dhul chun cinn i rannpháirtíocht an Gharda sa Chreat Feidhmíochta agus Foghlama. |

**Toradh inmhianaithe 3 – Feasacht agus caidreamh láidir pobail maidir le nithe póilíneachta**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| **Caidrimh oibre éifeachtach a bheith ann le geallsealbhóirí ríthábhachtacha** | • Plean Cumarsáide Oibre, 2021 an Údaráis forbartha agus curtha i ngníomh.<br>• Rinneadh caidreamh le geallsealbhóirí ríthábhachtacha chun cabhrú le hobair mhaoirseachta an Údaráis. Bhí clár caidrimh leathnaithe i gceist leis sin le 46 ghrúpa agus eagraíocht geallsealbhóirí maidir lena dtaithí ar phóilíneacht chun cabhrú le measúnú an Údaráis ar fheidhmíocht póilíní le linn na paindéime, mar aon le póilíneacht i gcoitinne.  Rinne an tÚdarás teagmháil go háirithe le grúpaí atá ionadaíoch do dhaoine soghonta inár bpobal agus iadsan nach gcloistear a nglór agus a dtuairimí go minic.<br>• Méadaíodh feasacht ar nithe póilíneachta agus a bhfuil i gceist le hobair mhaoirseachta an Údaráis trí na meáin agus foilseacháin iomchuí.<br>• Foilsíodh réimse ábhair ar shuíomh gréasáin an Údaráis d'fhonn trédhearcacht a sholáthar do gheallsealbhóirí agus don phobal maidir le hobair an Údaráis.<br>• Óstaíodh seimineáir gréasáin ar líne a bhain le hÉagsúlacht, Comhchoistí Póilíneachta agus Póiliniú Pobail. |
| **Pobail i gcaidreamh go gníomhach leis an nGarda Síochána trí na Comhchoistí Póilíneachta ar bhealach lena n-éascaítear cosc ar choireacht agus sábháilteacht agus cáilíocht maireachtála feabhsaithe do shaoránaigh** | • Rinneadh caidreamh le 20 Comhchoiste Póilíneachta i rith na bliana.<br>• Freagraíodh ceisteanna ó Chomhchoistí Póilíneachta agus Fóraim agus tugadh cabhair agus tacaíocht nuair ba ghá sin.<br>• Tionóladh an 6ú hócáid chomhairliúcháin bhliantúil le Cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta, Príomh-Fheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil agus ionadaithe ón nGarda Síochána chun tacú le feidhmiú fheidhmeanna na gComhchoistí Póilíneachta agus chun ionchur pobail a sholáthar maidir le hobair an Údaráis.<br>• Tugadh comhairle maidir le treoirlínte na gComhchoistí Póilíneachta agus athleasaíodh iad. |
| **Feasacht an phobail maidir le nithe póilíneachta a fheabhsú** | • Foilsíodh dhá thuarascáil ó Sparánacht Taighde tionscnaimh an Údaráis Póilíneachta, maidir le<br>    ◦ 'An Garda Síochána agus Meabhair-Shláinte Leanaí: Imscrúdú ar chonair chun cúram sláinte meabhraí géarchéime'; agus<br>    ◦ 'Cearta Leanaí agus Ceistiú Póilíní: Staidéar Cáilíochtúil ar Thaithí Leanaí ar a bheith faoi agallamh ag an nGarda Síochána'<br>• Choimisiúnaigh an tÚdarás taighde (suirbhé agus agallaimh) maidir le 'Taithí Íospartach leis an nGarda Síochána' agus cuireadh i gcrích iad le linn 2021. Tá an tuarascáil chríochnaitheach ina dréacht agus le foilsiú in 2022; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| | • Rinneadh obair i gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn maidir leis an scéim *New Foundations 2021* dá cuid. Mar thoradh air sin, tá taighde le cur i gcrích maidir le Foirne Idirghabhála Géarchéime meabhair-shláinte in 2022.<br>• Bhí an tÚdarás ina chomhpháirtí cinn ag an 7ú Comhdháil Bhliantúil de Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann (ICJA) a tharla an 4 Meitheamh agus ag ar pléadh an téama: **"Cearta an Duine de chuid Amhrastach agus Íospartach Soghonta a Chosaint: Soghontacht a Shainmhíniú, a Shainaithint agus Freagairt ina leith"**.<br>• Stiúradh comhairliúchán maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta ar tugadh faisnéis do chomhairlithe maidir le hobair na nGardaí lena linn. Léirigh torthaí gur bhrath 53% de fhreagróirí gur mhéadaigh an comhairliúchán a bhfeasacht ar réimse na hoibre a ghabhann an Garda Síochána de láimh.<br>• Foilsíodh glao ar thaighde maidir le taithí phobail éagsúla agus mionlaigh ar phóilíneacht ar *E-tenders*.<br>• Thug an tÚdarás sé thuarascáil ar aird maidir leis an bhFreagairt Póilíneachta do COVID-19 chomh maith le dhá mheasúnú leathbhliantúil ar fheidhmíocht póilíneachta.<br>• Tionóladh comhrá poiblí maidir le póilíneacht phobail, agus é dírithe ar Bhaile na mBocht agus An Gleann, Corcaigh agus pléadh 'Cén chuma atá ar phóilíneacht éifeachtach phobail?' |

**Toradh Inmhianaithe 4 – An tÚdarás a bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálaíoch, freagrúil a bhfuil meas air agus é dírithe ar a fhís agus a mhisean**


| Cuspóirí | Éachtaí in 2021 |
|---|---|
| **A bheith ina heagraíocht éifeachtach le cultúr ardfheidhmíochta** | • Bainistiú gníomhach déanta ar nithe acmhainní daonna san Údarás lena n-áirítear earcaíocht, coinneáil foirne, oiliúint agus forbairt agus bainistiú feidhmíochta.<br>• Comhlíonadh ceanglais rialachais, priacail agus tuairiscithe de réir na reachtaíochta agus na gCód Cleachtais.<br>Caidreamh fairsing, ag obair go cianda, leis an bhfoireann trí shraith laethanta caidrimh agus ceardlanna, lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin maidir le hobair hibrideach a chur i ngníomh don eagraíocht.<br>• Cuireadh tús le pleanáil maidir leis an bhfoireann filleadh ar an oifig, lena n-áirítear clár oibre chun athfhoirmíocht ar an láthair agus ullmhacht don obair hibrideach a chinntiú. |
| **Tuarascálacha cuí agus tráthúil a sholáthar don Aire agus comhairle a thabhairt maidir le nithe póilíneachta** | • Tugadh sé thuarascáil ar aird maidir leis an bhFreagairt Póilíneachta do COVID-19.<br>• Tugadh comhairle maidir leis na hacmhainní is gá ón nGarda Síochána de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 62H(2)(b) d'Acht an Gharda Síochána, lena n-áirítear freagairt fhorlíontach ag deireadh na bliana.<br>• Seachadadh dhá thuarascáil inar measúnaíodh feidhmíocht an Gharda Síochána in aghaidh an Phlean Póilíneachta.<br>• Tugadh tuairisc ar mheasúnú an Údaráis ar na bearta arna nglacadh ag an nGarda Síochána chun na moltaí sa tuarascáil ó Chigireacht an Gharda 'Freagairt do Dhroch-Úsáid Ghnéasach Leanaí' a chur i ngníomh.<br>• Cinneadh Tosaíochtaí Póilíneachta don tréimhse 2022 – 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt iad lena gceadú aici. |
| **Socruithe idirthréimhseacha chun na moltaí comhaontaithe ón gCoimisiún um Póilíneacht sa Todhchaí a chur i ngníomh** | • Soláthraíodh tuairimí agus rinneadh caidreamh fairsing leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an gclár reachtaíochta i ndáil le scéimeanna ginearálta an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail, Bille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) agus Bille an Gharda Síochána (Taifeadadh Digiteach). |

De réir a Ráiteas Straitéise agus d'fhonn iarrataí breise ón Aire a léiriú, leag an tÚdarás amach a chuid Tosaíochtaí Corparáideacha don bhliain 2021 ag tús na bliana chun é a threorú maidir le tosaíocht a thabhairt dá chuid oibre in 2021. Tá a bhfuil bainte amach maidir leis na tosaíochtaí sin ag deireadh 2021 ar áireamh mar eolas in Aguisín 1.

## 4. Gné-Alt: Dúnadh neamhbhailí agus gan údar teagmhas SRC

I mí na Nollag 2020, chuir an Garda Síochána an tÚdarás ar an eolas go raibh saincheist tagtha chun cinn maidir le glaonna 999 a chur ar ceal agus go raibh imscrúdú ar Theagmhais Tosaíochta 1 Seachadadh Ríomhchuidithe (SRC) tionscnaithe ag an nGarda Síochána dá bharr sin. Is córas é an Seachadadh Ríomhchuidithe (SRC) a úsáideann sonraí fíor-ama chun tosaíocht a thabhairt do theagmhais agus comhaltaí den Gharda Síochána a shannadh agus a sheachadadh ina leith, bunaithe ar aicmiú glaonna 999 agus an tosaíocht a thugtar dóibh. Is cuid bhunúsach d'fheidhmíocht seirbhíse póilíneachta freagairt leordhóthanach a sholáthar do dhaoine a chuireann glao 999 ar Stáisiún Garda Síochána áitiúil. Dhéileáil an tÚdarás leis an tsaincheist seo mar ní ardtosaíochta agus pléadh í ag cruinnithe den Údarás le Coimisinéir an Gharda Síochána ar feadh 2021. Chuir an Garda Síochána faisnéis mhionsonraithe agus chuimsitheach ar fáil don Údarás ar feadh na bliana.

I mí Iúil 2021, cheap an tÚdarás Póilíneachta an tUas. Derek Penman chun réamhscrúdú seachtrach a sheoladh ar leordhóthanacht an athbhreithnithe inmheánaigh a bhí á ghabháil de láimh ag an nGarda Síochána. Bhí sé mar chuspóir ag an athbhreithniú gealltanas agus comhairle neamhspleách saineolaithe a sholáthar don Údarás, don Choimisinéir agus, níos tábhachtaí fós, don phobal. Leis an athbhreithniú, lorgaíodh dearbhú go ndéanfadh an mhodheolaíocht a bhí á húsáid ag an nGarda Síochána ina athbhreithniú a oibiachtaí a sheachadadh agus tuiscint a sholáthar ar a raibh tar éis tarlú, an tionchar a bhí ag an méid a tharla agus conas a d'féadfadh an Garda Síochána cosc a chur lena tharlú arís.



Fad a bhí tuarascáil an Uas. Penman ar siúl, chuir an Garda Síochána in iúl don Údarás Póilíneachta go raibh tuilleadh saincheisteanna sainaitheanta aige lenar ardaíodh ceisteanna faoi bhainistiú agus cur ar ceal teagmhas SRC i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhain na saincheisteanna sin le glaonna a cuireadh ar ceal seachas trí na socruithe leigheasta a tugadh isteach chun an fhadhb bhunaidh a réiteach. Rinne an tÚdarás iarracht tuiscint a fháil ar conas a lean na saincheisteanna sin ar aghaidh d'ainneoin aird ghéar a bheith ar an ní agus a fháil amach an ndeachthas timpeall agus conas a chuathas timpeall ar na bearta leigheasta nó conas a cuireadh bac orthu.

I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta an tuarascáil eatramhach ón Uas. Penman. Bhí 25 fhionnachtain ríthábhachtach sa tuarascáil lenar tugadh le fios go raibh próiseas an Athbhreithnithe Inmheánaigh SRC "réasúnach agus comhréireach maidir leis na dúshláin a sainaithníodh ó chur ar ceal na dteagmhas SRC" ach "tá rochtain ar thaifeadtaí glaonna riachtanach chun dearbhú a sholáthar don Údarás Póilíneachta". Mar gheall ar shaincheisteanna dlí, áfach, níor deonaíodh rochtain an tráth sin agus lorg an tÚdarás Póilíneachta agus an Garda Síochána araon comhairle dlí ansin d'fhonn an ní a réiteach. Bhí 13 mholadh i dTuarascáil Penman freisin. Ghlac an Garda Síochána leis an tuarascáil.

Is minic gurb é an glao 999 an chéad phointe teagmhála idir duine a bhfuil coir á déanamh ina leith nó i ngéarchéim. Tá leordhóthanacht, tráthúlacht agus oiriúnacht na freagartha sin lárnach d'fheidhmíocht an Gharda Síochána agus don mhuinín a fhéadfaidh a bheith ag an bpobal as a sheirbhís póilíneachta féin. Dá bhrí sin, leanfaidh an tÚdarás de mhaoirseacht ghéar a dhéanamh ar an tsaincheist seo agus grinnscrúdú a dhéanamh ina leith go dtí go ndéanfar réiteach leordhóthanach a sheachadadh. Is dócha go leanfaidh an gá le grinnscrúdú agus maoirseacht ghéar ar an tsaincheist seo ar feadh i bhfad.



# 5. Gné-Alt: Comhairliúchán Poiblí maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta




In 2021, rinne an tÚdarás claochlú ar a chur chuige maidir le comhairliúchán poiblí, ag baint úsáid as uirlis ar líne arna maoiniú ag Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Téann an tÚdarás, ó am go ham, i gcomhairle leis an bpobal maidir le nithe lena n-áirítear Tosaíochtaí Póilíneachta agus an Cód Eitice. San am atá caite, is ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí eile san earnáil phoiblí a tháinig mórmh na bhfreagraí ar na comhairliúcháin sin. Cé go raibh na freagraí sin suntasach agus luachmhar, bhí gá le hionchur ón saoránach aonair. Sainaithníodh gá le bealach chun teagmháil a dhéanamh lasmuigh de na heagraíochtaí sin chun aiseolas a fháil ó shaoránaigh aonair agus an deis a chur ar fáil dóibh a dtuairimí a thabhairt maidir le nithe tábhachtacha póilíneachta. Bhí gá freisin an méid sin a bhaint amach gan ualach róthrom a chruthú i dtéarmaí anailíse.

Bunaítear leis na Tosaíochtaí Póilíneachta na nithe ar mhaith leis an Údarás Póilíneachta a aird a dhíriú orthu in aon tréimhse áirithe. Cabhraíonn na tosaíochtaí sin le Coimisinéir an Gharda Síochána réimsí a shainaithint ar gá aird bhreise a thabhairt orthu agus/nó acmhainní a infheistiú iontu chun an tseirbhís a sheachadtar don phobal a fheabhsú agus eagraíocht an Gharda Síochána a fheabhsú. Tá ról ag an Údarás Póilíneachta faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 Alt 20 (1a) tosaíochtaí an Gharda Síochána a chinneadh nó a athleasú i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

In 2020, bhí an tÚdarás ar cheann de 34 iarratasóir rathúil ar Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí. Baineadh úsáid as an maoiniú chun suibscríobh a cheannach le haghaidh uirlis cinnteoireachta tosaíochta ar a dtugtar *Simulator*, uirlis a úsáideadh chun comhairliúchán a dhéanamh leis an bpobal maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána. Is feidhm idirghníomhach atá i gceist, trína dtugtar liosta de thosaíochtaí póilíneachta don chomhairlí, agus líon críochta pointí a fhéadfaidh sé nó sí a chaitheamh ar a gcuid tosaíochtaí. Ní féidir tosaíocht a dhéanamh de gach ní agus bíonn brú ar an gcomhairlí roghanna deacra a dhéanamh.


Rinneadh an Comhairliúchán Poiblí ar feadh mhí na Bealtaine agus bhí feachtas cumarsáide láidir á reáchtáil an tráth céanna. Tugadh físeán mínitheach beoite ar aird chomh maith le sraith íomhánna a bhí soiléir, simplí, seasta arna scaipeadh, mar aon leis an bhfíseán, trí na meáin shóisialta agus

bealaigh dhigiteacha eile. Rinne an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh athbhreithniú chun a chinntiú gur cloíodh le treoirlínte maidir le Béarla díreach. Ar na hiarrachtaí eile arna ndéanamh chun go mbeadh an físeán inrochtana, bhí fotheidil ar an bhfíseán beoite, agus bogearraí in úsáid a bhí comhoiriúnach le léitheoir scáileáin.

Baineadh úsáid as na caidrimh a bhí ag an Údarás cheana le líonra mór geallsealbhóirí amhail Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun teagmháil a dhéanamh le pobal níos fairsinge. Fuarthas tacaíocht láidir ó gheallsealbhóirí seachtracha, ar na meáin shóisialta ó go leor díobh lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt agus ranna Rialtais eile, an Garda Síochána, údaráis áitiúla, Cúnamh do Mhná, an Chomhairle um Chearta an Duine, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ALONE agus Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí. Bhí feachtas fógraíochta ar mhionscála ann a raibh fógraí Facebook, Twitter agus Instagram ar áireamh ann, asraon nuachta ar líne amháin agus dhá fhógra i nuachtáin chlóite. Mar chuid d'fheachtas preasa, rinne an Príomh-Fheidhmeannach sraith agallamh ar an raidió réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear clár Louise McSharry, trína ndearnadh an comhairliúchán a dhíriú ar lucht éisteachta úr.

Tháinig beagnach 3,473 fhreagra ar an gComhairliúchán Poiblí ar Thosaíochtaí Póilíneachta. Bhí formhór an aiseolais dearfach, agus bhraith daoine go raibh sé áisiúil don úsáideoir agus inrochtana. D'fhreagair na freagraí do shampla sách láidir nuair a ghlactar leis gur áis-sampláil a bhí i gceist agus féinroghnú, seachas sampla ionadaíoch. Ní haon ionadh é, b'fhéidir, gur caitheadh an líon is mó pointí ar chionta gnéis agus drochúsáid ghnéasach leanaí; ionsaí poiblí; agus drochíde sa teaghlach. Os a choinne sin, caitheadh an líon is lú pointí ar réimsí a bhain le córais agus bonneagar an Gharda Síochána. Bhí toradh an chomhairliúcháin i gcomhréir leis na torthaí a bhí ar bhearta eile a glacadh chun na tosaíochtaí a fhorbairt, amhail taighde dheascbhunaithe, agus athdhearbhaíodh iad leo. Tá sé mar rogha leis na bogearraí suirbhé gairid a chur ag gabháil leis an gcomhairliúchán agus baineadh úsáid as sin chun sonraí déimeagrafacha a thiomsú. San iomlán, chuir an comhairliúchán foirm de chaidreamh poiblí ar fáil a bhí níos idirghníomhaí agus níos inrochtana ná mar a bhí ar fáil roimhe sin. Cuireadh ar fáil leis freisin tacar inláimhsithe sonraí de shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla chun cabhrú le maoirseacht an Údaráis ar phóilíneacht.

Cuireadh na Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána, 2022-2024 i gcrích agus cuireadh iad faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, agus tá siad le foilsiú go luath in 2022.



## 6. Rialachas agus Struchtúr

### 1. Comhaltaí an Údaráis

Déantar foráil le reachtaíocht bhunaidh an Údaráis maidir le comhaltas ina bhfuil Cathaoirleach agus ocht ngnáthchomhalta, arna gceapadh ar feadh téarma 3 nó 4 bliana agus féidearthacht ann iad a athcheapadh ar feadh téarma breise faoi réir uastéarma 8 mbliana. Roghnaíodh an Cathaoirleach agus comhaltaí an Údaráis lena gceapadh ag an Rialtas tar éis próisis roghnúcháin arna reáchtáil faoin bpróiseas *Stateboards.ie* ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Níl comhaltaí den Oireachtas ná Údaráis Áitiúla, comhaltaí den Gharda Síochána atá ag fónamh, comhaltaí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ná de Chigireacht an Gharda incháilithe chun bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Naoi gcomhalta a bhí ar an Údarás le linn 2021. Ceapadh ceithre chomhalta nua den Údarás, eadhon Shalom Binchy, Stephen Martin, Elaine Byrne agus Donal de Buitleir, ar an Údarás le héifeacht ón 9 Márta 2021 ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndíscaoilfear an tÚdarás, cibé acu is luaithe.

Fostaíodh comhaltaí an Údaráis ar bhonn iad a bheith ar fáil 4 go 6 lá in aghaidh na míosa agus tá an Cathaoirleach ar fáil go foirmiúil ar bhonn 2.5 lá in aghaidh na seachtaine. Tá sonraí Chomhaltaí an Údaráis liostaithe i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige agus a bhfreastal ar chruinnithe le linn 2021. Taispeántar i dTábla 2 táillí bliantúla agus costais taistil agus cothaithe do Chomhaltaí den Údarás don bhliain 2021.

**Tábla 1: Téarmaí oifige agus freastal cruinnithe Chomhaltaí an Údaráis in 2021**

| An Comhalta den Údarás | Dul in Éag Téarma | Líon Cruinnithe den Údarás ar Freastalaíodh orthu | Cruinnithe Coiste agus Ionadaíochta[1] |
|---|---|---|---|
| Bob Collins | 31/12/23 | 18 | 22 |
| Shalom Binchy[2] | 08/03/24 | 13 | 6 |
| Stephen Martin[2] | 08/03/24 | 12 | 6 |
| Elaine Byrne[2] | 08/03/24 | 13 | 4 |
| Valerie Judge | 31/12/23 | 17 | 6 |
| Donal de Buitleir[2] | 08/03/24 | 14 | 4 |
| Paul Mageean | 31/12/23 | 18 | 5 |
| Moling Ryan | 31/12/23 | 17 | 15 |
| Deborah Donnelly | 31/12/23 | 18 | 7 |

[1] 20 cruinniú Coiste san iomlán a tionóladh. Ina theannta sin, d'fhreastail Comhaltaí ar roinnt cruinnithe grúpaí oibre agus rinneadar ionadaíocht don Údarás ag roinnt cruinnithe agus ócáidí eile i rith na bliana.

[2] Ceapadh an comhalta sin an 9 Márta 2021 agus, dá bhrí sin, ní raibh sí incháilithe chun freastal ach ar 14 de 18 gcruinniú den Údarás. D'fhreastail gach comhalta nua ar an gcruinniú an 25 Feabhra 2021 mar chomhaltaí ainmnithe, agus tá an méid sin ar áireamh sa bhfigiúr a thuairiscítear.

| Tábla 2: Táillí Bliantúla agus costais taistil agus cothaithe do Chomhaltaí an Údaráis | | | |
|---|---|---|---|
| An Comhalta den Údarás | Táillí Bliantúla[3] a íocadh in 2021<br>€ | Costais a aisíocadh leis an gComhalta in 2021<br>€ | Costais a íocadh go díreach le soláthróirí in 2021<br>€ |
| Bob Collins | 32,450 | - | 100 |
| Stephen Martin | 12,124 | - | - |
| Elaine Byrne | 12,124 | - | - |
| Shalom Binchy | 12,124 | - | - |
| Valerie Judge | 14,963 | - | - |
| Paul Mageean | 14,963 | - | - |
| Moling Ryan | 14,963 | - | - |
| Deborah Donnelly | 14,963 | 147 | - |
| Donal de Buitléir | 12,124 | - | - |




[3] Ceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt na táillí a íoctar le Comhaltaí den Údarás le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 2. Coistí an Udaráis

Bhí roinnt Coistí ag an Údarás in 2021 chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas an Údaráis agus a chuid oibre a chur chun cinn i ndáil lena thosaíochtaí reachtacha faoi Théarmaí Tagartha ina leagtar amach a chuspóir, lenar treoraíodh a gcuid oibre agus inar leagadh amach sonraí nithe a tharmligtear don Choiste lena gcinneadh. Foilsítear na Téarmaí Tagartha do gach Coiste agus miontuairiscí ceadaithe a gcuid cruinnithe in 2021 ar shuíomh gréasáin an Údaráis Póilíneachta.

Is mír ar bhuanchlár gach cruinniú den Údarás na nuashonruithe ó Choistí, tráth a dtugann Cathaoirleach gach Coiste nuashonrú ó bhéal ar obair an Choiste don Údarás. Déantar páipéir ina leagtar amach nithe le cinneadh nó le ceadú ag an Údarás agus a eascraíonn as obair na gCoistí, a chur faoi bhráid chruinnithe den Údarás lena mbreithniú ag an Údarás. Tugtar acmhainn rúnaíochta do gach Coiste agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomh-Fheidhmeannach ar an eolas faoi aon obair a dteastódh acmhainní breise ina leith.

Bhí ceithre choiste ar bun in 2021. Tá gach comhalta den Údarás ina chomhalta nó ina comhalta de choiste amháin ar a laghad, seachas an Cathaoirleach a fhéadfaidh, cé nach comhalta d'aon choiste é, freastal ar chruinnithe coiste ó am go ham. Ag deireadh 2021, bhí dhá chomhalta seachtrach ar an gCoiste Iniúchta agus Priacail, comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste um Fhorbairt Eagraíochta. Tá comhalta seachtrach is saineolaí sinsearach neamhspleách earcaíochta mar chathaoirleach ar Choiste Rialachais an Gharda Síochána um Dhearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán.  Tá sonraí maidir le gach coiste, mar aon le comhaltas agus cruinnithe in 2021 leagtha amach i dTábla 3.

**Tábla 3: Coistí an Údaráis in 2021**

| An Coiste | Comhaltas | Cruinnithe in 2021 |
|---|---|---|
| **Iniúchadh agus Priacal** | Moling Ryan (Cathaoirleach)<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | 5<br>5<br>5 |
| **Rialachas um Dhearbhú Cáilíochta Ceapachán agus Roghnúchán an Gharda Síochána** | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta seachtrach)<br>Valerie Judge<br>Moling Ryan | 3<br>2<br>3 |
| **Forbairt Eagraíochta an Gharda Síochána** | Paul Mageean (Cathaoirleach)<br>Elaine Byrne[4]<br>Valerie Judge<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach)<br>Donal de Buitleir[4] | 5<br>4<br>4<br>4<br>4 |
| **Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta** | Shalom Binchy[5]<br>Moling Ryan<br>Stephen Martin[5] | 6<br>7<br>6 |

[4] Ceapadh Elaine Byrne agus Donal de Buitleir araon i mí an Mhárta 2021 agus dá bhrí sin ní raibh siad ach i dteideal freastal ar ceithre chruinniú coiste.

[5] Ceapadh Shalom Binchy agus Stephen Martin araon i mí an Mhárta 2021agus dá bhrí sin ní raibh siad ach i dteideal freastal ar sé chruinniú coiste.

| Tábla 3: Coistí an Údaráis in 2021 | | |
|---|---|---|
| **An Coiste** | **Comhaltas** | **Cruinnithe in 2021** |
| | Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)<br>Deborah Donnelly (Cathaoirleach) | 6<br>7 |

### 3. Foireann Feidhmiúcháin

Is é ról na Feidhmeannachta, faoi cheannas an Phríomh-Fheidhmeannaigh, beartais agus cinntí an Údaráis a chur i ngníomh. Ina theannta sin, is é ról na foirne bainistíochta sinsearaí an tÚdarás a choinneáil ar an eolas, trína chruinnithe rialta, maidir le forbairtí iomchuí lena n-áirítear aon phriacail ábhartha agus tacú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, faisnéis agus saineolas iomchuí i ndáil le rialachas agus forbairt beartais a sholáthar ag leibhéal an Údaráis agus na gCoistí araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomh-Fheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Ina theannta sin, is é nó í an Príomh-Fheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis an fhreagracht sin.

Taispeántar comhaltas na foirne bainistíochta sinsearaí i dTábla 4.

| Tábla 4: An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, 2021 | |
|---|---|
| **Ról** | **Ainm** |
| Príomh-Fheidhmeannach | Helen Hall |
| Stiúrthóir | Aoife Clabby |
| Stiúrthóir | Cormac Keating |
| Stiúrthóir | Margaret Tumelty |

€164,549 an tuarastal a bhí ag an bPríomh-Fheidhmeannach an 31 Nollaig 2021 ar scála tuarastail an Rúnaí Cúnta sa státseirbhís, arb é an méid é arna cheadú ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. €97 de chostais taistil agus cothaithe a d'éirigh as comhlíonadh a cuid dualgas agus a aisíocadh leis an bPríomh-Fheidhmeannach in 2021**.**

### 4. Conas a oibrímid

<u>Cruinnithe den Údarás</u>

Déantar cruinniú iomlánach lae a phleanáil don Údarás gach mí, seachas i mí Lúnasa. Bíonn cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le foireann shinsearach an Gharda Síochána mar chuid de gach cruinniú. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain. Déantar sceideal na gcruinnithe a fhoilsiú roimh ré, agus léirítear cad iad na cruinnithe a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go ham, tionólann an tÚdarás cruinnithe breise nó eisceachtúla de réir mar is gá, agus féadfaidh cruinnithe leis an nGarda Síochána a

bheith san áireamh leo. I dteannta 11 chruinniú sceidealta in 2021, tionóladh 7 gcruinniú breise in 2021 chun déileáil le saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Maidir le cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir, tionóltar iad in ionad poiblí i gcoitinne agus is féidir leis an bpobal agus leis na meáin teacht isteach agus féachaint air. Mar gheall ar na bearta sláinte a bhí i bhfeidhm de bharr phaindéim COVID-19, is ar líne a tionóladh cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir, agus leanadh de na cruinnithe a fhógrú ar shuíomh gréasáin an Údaráis agus bhí siad le fáil ar bheoshruth ar shuíomh gréasáin an Údaráis agus ar fáil lena gcraoladh ag na meáin. Tá taifeadtaí cartlainne ar fáil chun féachaint orthu ar chainéal YouTube an Údaráis.



In 2021, tháinig an tÚdarás le chéile 18 n-uaire, agus bhí cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus a chomhghleacaithe sinsearacha ann ar 11 de na hócáidí sin, ar tionóladh seacht gcinn díobh go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás dréacht-chlár cruinnithe ar a shuíomh gréasáin seachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí ceadaithe ar an suíomh gréasáin freisin. In 2021, foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána don Údarás ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána agus an Údaráis.

Déanann an tÚdarás socrú maidir le cruinniú príobháideach ag gach cruinniú míosúil gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair agus baineadh leas as an socrú sin ar sé ócáid le linn 2021.

<u>Trédhearcacht agus comhairliúchán le geallsealbhóirí</u>

I gcomhréir leis an ardluach a chuireann an tÚdarás ar oscailteacht agus trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta cumarsáid agus caidreamh a bheith aige le geallsealbhóirí ina oibríochtaí ó lá go lá de réir mar a leanas:

- Cláir agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis;
- Cruinnithe a thionól go poiblí, trí chomhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal agus trí chaidreamh a dhéanamh go díreach le geallsealbhóirí ríthábhachtacha amhail comhchoistí póilíneachta agus an tsochaí shibhialta; agus

- Tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

**5. Socruithe Rialachais**

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta mar chomhlacht atá neamhspleách go reachtúil. I bhfeidhmiú a fheidhmeanna, tá an tÚdarás iomlán neamhspleách agus mar chomhlacht a mhaoinítear go poiblí, tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt.

Treoraítear Creat Rialachais agus Rialaithe foriomlán an Údaráis leis na nithe seo a leanas:

- Acht an Gharda Síochána, 2005 arna leasú;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cód atá glactha ag an Údarás;
- An Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil sé de cheangal ar an Údarás é a chomhlíonadh de bharr a mhaoinithe trí Vóta Státchiste;
- Na moltaí ón nGrúpa Oibre maidir le Cuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, cód atá glactha, más infheidhme, ag an Údarás;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Cibé reachtaíocht, beartais agus ciorcláin eile de chuid an rialtais agus na seirbhíse poiblí is infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

<u>Creat Rialachais</u>

Leagtar amach na socruithe rialachais atá bunaithe ag an Údarás go mionsonrach i ndoiciméad an Údaráis maidir le Creat Rialachais. Tá sraith doiciméad rialachais eile de chuid an rialtais mar thaca leis sin lena n-áirítear:

- An Cód Cleachtais do chomhaltaí agus foireann;
- Buan-Orduithe;
- Scéim tarmligin agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- An Ráiteas Straitéise, 2019-2021; agus
- Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Athleasaíodh na doiciméid sin de réir mar ba chuí le linn 2021 chun aon athruithe a measadh ba ghá a léiriú agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

<u>Freagrachtaí</u>

Tá an tÚdarás freagrach as:

- Gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla go léir is infheidhme;

- An Príomh-Fheidhmeannach agus an bhainistíocht shinsearach a thabhairt chun cuntais as feidhmiú éifeachtach a gcuid freagrachtaí;
- Nithe a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistiú priacail;
- A chinntiú go mbeidh córais éifeachtacha maidir le rialú inmheánach ar bun agus á gcur i ngníomh;
- Plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh; agus
- An tuarascáil bhliantúil seo a ullmhú don Údarás.

Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach don Údarás as a feidhmeanna a fheidhmiú agus as cibé faisnéis a sholáthar dó i ndáil le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin a éileoidh an tÚdarás ó am go ham.

Oibríonn an tÚdarás faoi sholáthair airgid arna vótáil ag an Dáil gach bliain, agus is í an Príomh-Fheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin, agus tá na freagrachtaí gaolmhara uirthi maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaí.

<u>Cód Iompair</u>

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta na caighdeáin maidir le prionsabal agus cleachtais lena rialaítear iompar Chomhaltaí agus fhoireann an Údaráis Póilíneachta, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha de Choistí an Údaráis. Is é is cuspóir don Chód:

- Sraith comhaontaithe de phrionsabail eitice do Chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis a bhunú;
- Forbairt nó glacadh le cleachtais neamheiticiúla a chosc; agus
- Muinín agus iontaoibh sna Comhaltaí a chur chun cinn agus a chothabháil.

Trí na prionsabail ríthábhachtacha ar chóir do chomhaltaí agus don fhoireann cloí leo a leagan amach, eadhon:

- Gníomhú ar mhaithe le Leas an Phobail;
- Sláine agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirteachas; agus
- Cothromas.

Leis an gCód, leagtar béim ar thiomantas an Údaráis maidir leis na caighdeáin is fearr ó thaobh iompar gnó de, agus ullmhaíodh é chun cabhrú le Comhaltaí agus foireann an Údaráis a gcuid dualgas, cearta agus oibleagáidí a thuiscint. Gealltar leis freisin go ndéanfaidh Comhaltaí agus an fhoireann cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána. Déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar an gCód chun a chinntiú go bhfuil sé fós cuí.

Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta ar bun chun a chinntiú go ndéanfaidh Comhaltaí agus foireann an Údaráis forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, más infheidhme, a chomhlíonadh. Ina theannta sin, de réir Chód Cleachtais an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus Foireann, déanann Comhaltaí den Údarás a gcuid leasanna i ngnóthais eile a chlárú leis an Rúnaí tráth a gceaptha. Rialaítear leis an gCód Cleachtais freisin coinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs comórtais roghnúcháin arna reáchtáil ag an Údarás agus imthosca eile ina bhféadfadh sé go n-éireodh coinbhleachtaí leasa. Déanann gach comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil Eitice a chomhlánú de réir cheanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

Buan-Orduithe

Leagtar amach i mBuan-Orduithe an Údaráis na nósanna imeachta trína seolann an tÚdarás a ghnó.

Scéim Tarmligin

Tá scéim tarmligin comhaontaithe ag an Údarás don Údarás. Leagtar amach léi:

- Údarás tarmligthe don Chathaoirleach agus don Phríomh-Fheidhmeannach chun caiteachas faoi bhun tairsigh chomhaontaithe a cheadú;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid a tharmligtear iad do Choiste den Údarás, don Phríomh-Fheidhmeannach nó a bhforchoimeádtar iad don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Rinneadh athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis in 2021 de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Maoirseacht ag an Máthair-Roinn

Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta ann leis an Roinn Dlí agus Cirt ina sainmhínítear go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an Roinn agus an tÚdarás. Tuairiscítear ann freisin na róil, freagrachtaí agus tacaíochtaí ríthábhachtacha atá mar bhunchloch faoin gcaidreamh idir an tÚdarás, de pháirt amháin, agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas den pháirt eile. Déantar leis an gcomhaontú sin a mhéid a oiriúnaítear go cuí na ceanglais um chomhlíonadh sa Chód Cleachtais le himthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) an Údaráis a léiriú agus a dhoiciméadú.

Ceanglaítear ar an Údarás Póilíneachta le roinnt de na forálacha a leagtar amach san Acht comhairle nó faisnéis a thabhairt don Aire nó don Rialtas maidir le nithe éagsúla.

Bíonn cruinnithe idirghabhála rialachais ann idir bainistíocht shinsearach na Roinne agus bainistíocht shinsearach an Údaráis ar bhonn leathbhliantúil chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus míreanna leasa choitinn i ndáil le sainchúram an Údaráis a bhreithniú. Mar chuid de na socruithe cuntasachta agus maoirseachta póilíneachta nua, bíonn ar a laghad cruinniú amháin ann gach bliain idir an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás, d’fhonn nithe a eascraíonn i ndáil le seirbhísí póilíneachta agus freagrachtaí éagsúla gach eagraíocht díobh a athbhreithniú.

An Coiste Iniúchta agus Priacail

Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Priacail i mí Iúil 2016, ar a bhfuil dhá chomhalta ar comhaltaí seachtracha iad mar aon le comhalta amháin den Údarás, faoi Chairt Coiste Iniúchta agus Priacail, agus tháinig sé le chéile 5 huaire in 2021. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus stóinseacht rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach, bainistiú priacail agus córais agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta.

Bainistiú Priacail

Tá beartas agus córais um bainistiú priacail atá cuimsitheach ar bun ag an Údarás, lena n-áirítear clár priacal mionsonraithe agus nuashonraithe. Áirítear sa chlár priacal measúnú mionsonraithe ar phríomhphriacail an Údaráis agus tuairisc ar na priacail agus na rialuithe agus na bearta inmheánacha chun priacal a mhaolú. Déanann Príomh-Oifigeach Priacail an Údaráis an Clár Priacal a chothabháil agus nuashonraítear é ar bhonn leanúnach chun priacail nua a éiríonn ag gach leibhéal san eagraíocht agus athruithe ar na rialuithe chun priacail a mhaolú, a léiriú. Déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail an Clár Priacal a athbhreithniú gach ráithe. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár iomlán uair sa bhliain ar a laghad. Is mír ar an mbuanchlár do chruinniú míosúil an Údaráis an cheist maidir le bainistiú priacail agus déantar tuarascáil mhíosúil maidir le Bainistiú Priacail a athbhreithniú agus pléitear priacail shonracha. Tugtar aghaidh ar phriacail agus bearta chun priacail a mhaolú i gcomhthéacs gach plé agus cinneadh suntasach de chuid an Údaráis. Tá nósanna imeachta chun priacal a bhainistiú ar bun ar fud na heagraíochta agus is mír den chlár an méid sin ag cruinnithe bainistíochta, foirne agus tionscadail.

Córas um Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta stóinsithe agus éifeachtach ar bun san Údarás maidir le rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar, de réir mar is cuí, prionsabail, ceanglais agus treoirlínte iomchuí an Chóid Caiteachais Phoiblí agus chun priacail a mhaolú. Tá athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras um rialuithe inmheánacha déanta ag an soláthraí Iniúchta Inmheánaigh chun a chinntiú go ndearnadh gach gné den bhainistiú priacail agus rialú inmheánach don bhliain a bhreithniú agus chun dearbhú suntasach a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras um rialuithe inmheánacha chun priacail ríthábhachtacha bunúsacha a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

Iniúchadh Inmheánach

Tá an fheidhm a bhaineann le hIniúchadh Inmheánach don Údarás eisfhoinsithe chuig Crowleys DFK tar éis próiseas sainfhála a rinneadh go déanach in 2020, próiseas a ndearnadh conradh trí bliana a dhámhachtain ina dhiaidh, le rogha síneadh ar feadh tréimhse bliana a chur leis. Tá Cairt Iniúchta Inmheánaigh agus Clár Oibre ar bun agus cuireadh roinnt iniúchtaí inmheánacha i gcrích in 2021 i gcomhréir leis an bplean.

Sainfháil

Déantar gach gníomhaíocht sainfhála faoi threoir an Chóid Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus bhí Plean Corparáideach Sainfhála ar bun don bhliain 2021. Tá beartais agus nósanna imeachta ar bun ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a fháil. Lorgaítear cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le gach caiteachas atá os cionn tairseach comhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais ar bun laistigh den Údarás in 2021, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna an tÚdarás faireachán air in aghaidh an chaiteachais, faoi threoir shainchúram reachtach an Údaráis a bhaint amach i rith na bliana;
- Forléargas airgeadais arna sholáthar ag an bPríomh-Fheidhmeannach do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil;
- Déantar tuarascálacha foirmiúla ar chaiteachas iarbhír in aghaidh na mbuiséad a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil agus tuairiscítear iad don Údarás gach mí agus don Choiste Iniúchta agus Priacail ag gach ceann dá chruinnithe;
- Déantar ionadaíocht don Údarás ag cruinnithe den Choiste Bainistíochta Airgeadais maidir le Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas do Vóta an Ghrúpa, aon saincheisteanna airgeadais i gcoitinne a phlé agus athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Déantar an Cuntas Leithreasa Bliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus
- Soláthraítear tuarascálacha iomchuí agus tráthúla ina mbíonn faisnéis Airgeadais agus neamhAirgeadais don Bhainistíocht Shinsearach.

Reachtaíocht a Chomhlíonadh

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe déanta aige chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na forálacha reachtúla seo a leanas, más infheidhme:

**Cosaint Sonraí**

Comhlíonann an tÚdarás an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá socruithe déanta go gcomhlíonfar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a tháinig in éifeacht an 25 Bealtaine 2018 agus leanadh den obair chun comhlíonadh an Rialacháin a chinntiú le linn 2021. Déanann Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis, a fuair oiliúint chuí, na socruithe sin a bhainistiú agus tuairiscíonn an tOifigeach sin go díreach don Phríomh-Fheidhmeannach. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis curtha in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC).

Tá Beartas um Chosaint Sonraí ar bun ag an Údarás lena n-áirítear sraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar na hocht Rialacha Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. In 2021, fuair an tÚdarás dhá Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Níor tuairiscíodh aon sáruithe sonraí don Choimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) in 2021.

**Saoráil Faisnéise**

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh gréasáin i ndáil leis an reachtaíocht Saorála Faisnéise a chomhlíonadh. Áirítear leis sin scéim foilseacháin lena soláthraítear faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus an t-ábhar a chuirtear ar fáil go poiblí. Ghlac an tÚdarás cinneadh go luath tar éis a bhunú socrú a dhéanamh maidir leis an uasmhéid trédhearcachta a bheith ann i ndáil lena chuid oibre agus foilsíonn sé, go gnáthúil, cláir agus miontuairiscí a chruinnithe agus a chruinnithe coiste ar a shuíomh gréasáin. Bíonn beoshruth ar fáil dá chruinnithe le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le fáil ar ár suíomh gréasáin. In 2021, fuair an tÚdarás 16 Iarraidh um Shaoráil Faisnéise, agus tá na sonraí maidir leo le fáil ar an taifead nochtaí ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

**Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**

Tá an tÚdarás tiomanta athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta d'fhonn prionsabail chearta an duine a chomhlíonadh, agus go sonrach na hoibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 lena gcuirtear dualgas ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine dá gcuireann siad seirbhísí agus foireann ar fáil dóibh a chosaint le linn dóibh a n-obair laethúil a chur i gcrích.

Cuireann an tÚdarás béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta atá cóir, an ceart chun príobháideachta, rochtain chomhionann agus cóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna agus déanann sé gach iarracht chun a chinntiú go ndéanfaimid ár ngníomhaíochtaí go léir a sheoladh faoi sholas chearta an duine agus an chomhionannais. Is oibleagáid bhunúsach an méid sin maidir leis na hoibleagáidí agus na gníomhaíochtaí go léir a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Oibrímid go leanúnach chun a chinntiú go ndéanfar dínit agus leas ár bhfoireann go léir a chosaint agus spreagtar cultúr rannpháirteachais agus measa ag féachaint do na cearta agus na prionsabail sin. Leantar de chóiríocht réasúnach agus gníomhartha dearfacha a scrúdú agus a chur i ngníomh chun a chinntiú go mbeidh ár n-áit oibre, ár gcleachtais oibre agus ár gcumarsáidí inrochtana don fhórsa saothair agus geallsealbhóirí éagsúla. Coinnítear gach beartas agus cleachtas inmheánach faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonfar an dea-chleachtas sna réimsí sin.

Bíonn aird ag an Údarás ar Alt 42 le linn sainfháil agus taighde a dhéanamh agus a sheirbhísí a sheachadadh. In 2021, sholáthar an tOllamh Yvonne Daly oiliúint do chomhaltaí agus foireann an Údaráis i ndáil le dualgas na hearnála poiblí faoi Alt 42 d'Acht 2014 chun feasacht a chinntiú maidir leis na freagrachtaí a éiríonn. Ina theannta sin, chríochnaigh cúig chomhalta den Fheidhmeannacht a rannpháirteachas sa chúrsa creidiúnaithe maidir le Cearta an Duine arna sholáthar ag Ollscoil Luimnigh don Gharda Síochána, agus tá cúigear eile ceaptha tús a chur leis an gclár i mí Eanáir 2022. Tionóladh cruinniú le hOllscoil Luimnigh freisin chun tuilleadh cúrsaí saincheaptha don Fheidhmeannacht a phlé.

In 2021, rinneadh athbhreithniú ar shuíomh gréasáin agus doiciméid inmheánacha an Údaráis chun a chinntiú go gcloítear le treoirlínte inrochtaineachta agus na prionsabail maidir le cumarsáid shoiléir agus inrochtana. Moladh tograí a bhain le leasuithe ar dhoiciméid inmheánacha agus treoir stíle an Údaráis agus uasghrádú ar ár suíomh gréasáin de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna gGéasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020.

Is é croífheidhm an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ina fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis sin a chinntiú go ndéantar seirbhísí póilíneachta a sheachadadh de réir na gcaighdeán eitice is fearr agus ar mhodh a ráthaíonn cearta daonna gach duine aonair. Leanfaidh an tÚdarás den phóilíneacht agus feidhmíocht an Gharda Síochána a chur

díreach i gcomhthéacs an Chóid Eitice agus a oibleagáidí náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le comhionannas.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht a Chur chun Cinn**

Tá an tÚdarás tiomanta comhionannas, éagsúlacht agus lánpháirtíocht a chur chun cinn agus aithníonn sé nach iad na méadrachtaí eacnamaíocha na méadrachtaí tábhachtacha amháin do chomhlachtaí Stáit, ach nach mór méadrachtaí cultúir, éagsúlachta agus lánpháirtíochta a áireamh mar aon le leas na ndaoine arna bhfostú, caidreamh níos fearr a chothú i measc na foirne agus geallsealbhóirí agus torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus do phobail mar thoradh air sin. Bíonn torthaí maithe ar mhná agus fir a bheith ag obair agus ag rialú ar bhonn cothrom a fhágann tairbhí dearfacha don Rialtas agus don sochaí.

Cé gur ceist don Aire Dlí agus Cirt atá i gceapadh chomhaltaí an Údaráis, leagtar amach sa Reacht cothromaíocht chuí inscne i ndáil leis an Údarás ina luaitear “Le linn dó comhaltaí an Údaráis a cheapadh, beidh aird ag an Rialtas ar an gcuspóir gur mná a bheidh i 4 chomhalta ar a laghad agus gur fir a bheidh i 4 chomhalta ar a laghad”**.**

In 2021, de na naoi gcomhalta den Údarás, ba mhná ceathrar díobh agus fir cúigear díobh agus is mná 75% de na bainisteoirí sinsearacha.

Déanann an tÚdarás na cistí is gá a leithroinnt chun a chinntiú go gcuirtear cóiríocht chuí ar fáil do chomhaltaí den fhoireann atá faoi mhíchumas chun a éascú dóibh a bheith iomlán rannpháirteach san áit oibre.

Déantar éagsúlacht tuairimí a chur chun cinn trí réimse fairsing tuairimí a iarraidh ó chomhaltaí an Údaráis, comhaltaí coistí agus ón bhfoireann agus fáiltiú roimh na tuairimí sin.

Dhaingnigh féin-mheasúnacht an Údaráis don bhliain 2021 go raibh éagsúlacht dearctha ann, rud a thacaíonn le caibidlí agus pléití an Údaráis agus a chuireann dearcadh níos leithne chun cinn ina phróiseas cinnteoireachta. Bíonn comhaltaí sásta dúshlán a chéile agus na Feidhmeannachta araon a thabhairt go cuiditheach, chun a chinntiú go bhfuil an éagsúlacht tuairimí dáiríre agus á spreagadh. Dhaingnigh an Mheasúnacht thairis sin neamhspleáchas breithiúnais agus rannchuidithe, agus an timpeallacht báúil atá san Údarás ina mbraitheann gach duine go bhfuil siad saor chun cainte agus easaontaithe nuair is gá sin, rud a léiríonn maitheas na timpeallachta san Údarás.

Cuireann an tÚdarás comhionannas, éagsúlacht agus lánpháirtíocht chun cinn trína Chlár um Caidreamh le Geallsealbhóirí, mar a pléadh thuas, trí éisteacht le réimse éagsúil geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, chun cabhrú le hobair mhaoirseachta an Údaráis. I rith 2021, chuir an tÚdarás béim láidir ar chaidreamh a dhéanamh le grúpaí atá ionadach do phobail éagsúla, lena n-áirítear grúpaí mionlaigh, agus iadsan atá imeallaithe agus nach gcloistear a dtuairimí go minic, chun grád na cothroime agus an chomhionannais a mheasúnú a fheidhmítear le linn cumhachtaí póilíní a úsáid. Bhí caidreamh againn freisin le comhaltaí den Gharda Síochána agus a gcuid comhlachais agus cumainn.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Rinneadh Nochtadh Cosanta amháin chuig an Údarás Póilíneachta in 2021.

Os rud é nach comhlacht forordaithe é an tÚdarás, chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, glacadh cinneadh maidir leis an nochtadh, a bhaineann le halt 10 den Acht. Rinneadh idirghabháil leis an

nochtóir agus chinntigh an tÚdarás gur cuireadh an páirtí cuí ar an eolas faoin ní. Ina dhiaidh sin, tugadh an ní chun críche.

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta timpeallacht a chothú inar féidir le gach duine a oibríonn san Údarás labhairt amach. Trí labhairt amach, féadfaidh oibrithe an eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú chun a chinntiú go gcothabhálfar na caighdeáin is airde. Tá an tÚdarás tiomanta a chinntiú go n-éistfear go cúramach le haon ábhar imní a ardóidh comhaltaí foirne chun gur féidir gníomh pras a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don chlár Sláine ag an Obair de chuid *Transparency International*.

Déantar foráil leis an Acht maidir le cosaintí áirithe dlí d'oibrithe nuair a ardaíonn siad ábhar imní maidir le drochiompar ionchasach san áit oibre. Leagtar amach cad is nochtadh cosanta ann agus na cosaintí dlí atá ann chun oibrithe a dhéanann nochtaí cosanta a chosaint. De réir an Achta, tá Beartas um Nochtadh Cosanta ar bun ag an Údarás ina leagtar amach na nósanna imeachta atá ann chun drochiompar a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 agus soláthraíodh oiliúint i ndáil le nochtadh cosanta a dhéanamh. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá mar bhunchloch le cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a chothabháil san eagraíocht agus na sonraí oibríochtúla maidir le conas is féidir le foireann agus comhaltaí an Údaráis nochtaí cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta ar bun maidir le nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

## 7. Faisnéis Airgeadais

Le linn dó a shainordú a chur i gcrích, faigheann an tÚdarás maoiniú go díreach ón Státchiste i bhfoirm leithroinnt bhliantúil de Chaiteachas Vótáilte.

Is é nó í an Príomh-Fheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le Vóta an Údaráis agus, sa cháil sin, tá sé nó sí cuntasach don Oireachtas maidir leis na cistí go léir arna vótáil don Údarás chun seirbhísí a sholáthar.

**Caiteachas 2021[6]**

€2.975 milliún an t-ollchaiteachas ó Vóta an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2021. Bhí párolla foirne €2.236 milliún san áireamh sa mhéid sin, méid a fhreagraíonn do 75% den chaiteachas iomlán.

Is i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh a bhíonn ráitis Airgeadais an Údaráis. Foilseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Cuntas an Údaráis i leith 2021 sna Cuntais Leithreasa i mí Mheán Fómhair 2022.

Tá anailís agus faisnéis ghaolmhar i leith na bliana 2021 ar fáil sa tuarascáil airgeadais achoimre suas go dtí an 31 Nollaig 2021 in Aguisín 3 ar staid an Vóta. Tá an tuarascáil sin faoi réir a hiniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn 2022.

**Costais Chionroinnte**

I dteannta na gcostas arna dtabhú go díreach ag an Údarás, ní mór costais arna dtabhú ag Ranna agus oifigí eile a bhreithniú d'fhonn léargas iomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le hoibriú an Údaráis.

Tabhaíodh na costais leithroinnte seo a leanas ar shlí eile thar ceann an Údaráis:

- €8,000 faoi Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- €263,000 faoi Vóta 13 – Oifig na nOibreacha Poiblí i leith cíos agus seirbhísí gaolmhara maidir le hoifigí an Údaráis;
- €5,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i leith AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla; agus
- €56,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

**Táillí, Tuarastail agus Caiteachais**

Maidir leis an táille bhliantúil is iníoctha le Comhaltaí den Údarás Póilíneachta, tá sí de réir an ráta arna cheadú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh táille ar bith le seirbhísigh phoiblí a bhí ag fónamh ar an Údarás.

Comhlíontar go hiomlán na treoirlínte go léir de chuid an Rialtais maidir le pá Príomh-Fheidhmeannach agus fostaithe de chuid comhlachtaí stáit. Is státseirbhísigh iad gach fostaí den Údarás agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí tuarastail na státseirbhíse de réir mar is cuí maidir le grád agus seirbhís.

€2.236 milliún an costas párolla foirne iomlán don Údarás in 2021. Méadaíodh líon foirne an Údaráis ó 36 i mí Eanáir 2021 go líon iomlán 38 amhail ar an 31 Nollaig 2021.

---

[6] Tá na sonraí airgeadais go léir faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Taispeántar sa tábla seo a leanas líon na bhfostaithe ar íocadh sochair iomlána fostaíochta ina leith in 2021 (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra a áireamh) a tháinig faoi réim gach ceann de na bandaí seo a leanas:

| | An Líon Fostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | - |
| €70,000 - €80,000 | 3 |
| €80,000 - €90,000 | 3 |
| €90,000 - €100,000 | 3 |
| €100,000 - €110,000 | 1 |
| €110,000 - €120,000 | 1 |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | - |
| €140,000 - €150,000 | - |
| €150,000 - €160,000 | - |
| €160,000 - €170,000 | 1 |
| €170,000 - €180,000 | - |

€498,354 an cúiteamh comhiomlán a fuair an fhoireann bainistíochta sinsearaí den Údarás in 2021, comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Ina theannta sin, íocadh méid €82 i ndáil le taisteal na foirne bainistíochta sinsearaí le linn dualgais oifigiúla a fheidhmiú.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí agus foireann an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. €60 an caiteachas iomlán a bhí ann i ndáil le fáilteachas agus bronntanais in 2021.

**Caiteachas Comhairleoireachta**

Bhain méid iomlán €44,165 de chaiteachas in 2021 le comhairleoireacht sheachtrach agus táillí comhairleora, arna n-aicmiú mar a leanas:

- Dlí €42,881
- Comhairleach €1,284

**Cánacha**

Tá a chuid oibleagáidí go léir faoin dlí cánach comhlíonta ag an Údarás in 2021.

**An tAcht um Íocaíocht Pras Cuntas, 1997**

Is é beartas an Údaráis Póilíneachta téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta ar bun ag an Údarás chun a chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní chuirtear ar fáil leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

In 2021, tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí maidir le sonrasc. €41.66 (comhdhéanta de €1.66 in ús agus €40 mar chúiteamh) méid iomlán na bpionós a íocadh le linn 2021 mar thoradh ar íocaíochtaí dhéanacha. Freagraíonn an méid sin do 12.1% de luach iomlán na sonrasc a íocadh déanach, arb é €344.51 an luach iomlán.

## Aguisín 1 – Stádas na dTosaíochtaí Corparáideacha, 2021 amhail ar an 31 Nollaig 2021

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Rannchuidiú le clár an Rialtais um athchóiriú póilíneachta | 1A: Comhairle a thabhairt don Aire, de réir mar is cuí, maidir le sonraí chinneadh an Rialtais maidir le póilíneacht agus athchóiriú maoirseachta (ar siúl ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Aighneachtaí curtha faoi bhráid an Aire agus caidreamh déanta le hoifigigh sa Roinn. |
| | | 1B: Caidreamh a dhéanamh go gníomhach leis an bpróiseas reachtúil a bhaineann le hAthchóiriú Póilíneachta (de réir mar ba ghá ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Aighneachtaí curtha faoi bhráid an Aire agus an Oireachtais agus láithriú déanta os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart. |
| | | 1C: Deiseanna a lorg chun ullmhúchán agus caidreamh a dhéanamh maidir le feidhmeanna rachtacha is dócha a bheidh ann sa todhchaí (ar siúl ar feadh 2021) | | I gCrích | I gCrích | Tá an Príomh-Fheidhmeannach ag leanúint de chaidreamh le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) agus le Cigireacht an Gharda Síochána (GI). Tá an Fheidhmeannacht ag leanúint de chaidreamh leis an Roinn maidir leis an gclár reachtach agus an próiseas comhtháthaithe. |
| 2 | An chéad straitéis trí bliana eile de chuid an Údaráis a fhorbairt agus a chomhaontú | 2A: Ráiteas Straitéise an Údaráis don tréimhse 2022 - 2024 a fhorbairt agus a chur faoi bhráid an Aire faoin 31 Nollaig 2021. | | I gCrích | I gCrích | Cheadaigh an tÚdarás Ráiteas Straitéise ag cruinniú an 16 Nollaig agus cuireadh é faoi bhráid an Aire an 22 Nollaig 2021. |
| 3 | Creataí Straitéiseacha um Maoirseacht Póilíneachta a chur i ngníomh | 3A: Caidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána maidir leis an Ráiteas Straitéise, 2022-2024 agus Plean Póilíneachta an Gharda Síochána, 2022 (laistigh de 6 sheachtain tar éis na doiciméid chríochnaitheacha a fháil ón nGarda Síochána). | | I gCrích | I gCrích | Soláthraíodh Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána don Aire an 24 Samhain 2021.<br><br>Ceadaíodh an Plean Póilíneachta, 2021 i mí na Nollag agus cuireadh é faoi bhráid an Aire an 20 Nollaig 2021. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | Creataí Straitéiseacha um Maoirseacht Póilíneachta a chur i ngníomh | 3B: Tosaíochtaí Póilíneachta a chur faoi bhráid an Aire (roimh dheireadh R4) tar éis comhairliúcháin (roimh dheireadh R3). | | I gCrích | I gCrích | Cuireadh Tosaíochtaí Póilíneachta faoi bhráid na nAirí an 24 Samhain, 2021. |
| | | 3C: Caidreamh poiblí agus príobháideach a dhéanamh le Coimisinéir an Gharda Síochána agus ionadaithe sinsearacha don Gharda Síochána (Cruinnithe Údaráis agus cruinnithe Coistí go míosúil ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Tharla na cruinnithe de réir an sceidil in 2021 – seachas cruinniú mhí na Nollag den Choiste um Straitéis agus Fheidhmíocht Póilíneachta a tharla in Eanáir 2022. |
| | | 3D: Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat feidhmíochta trí bhearta feidhmíochta iomchuí a fhorbairt, faoi threoir an dea-chleachtais idirnáisiúnta (faoi dheireadh R2). | | I gCrích | I gCrích | Tá an "Tuarascáil Aonair" leabaithe anois mar chuid de mhaoirseacht na Feidhmeannachta. Tá an fheidhmeannacht ag leanúint d'fhianaise a bhailiú, agus ag measúnú feidhmíochta agus ag tuairisciú ina leith. Rinne an fhoireann oiliúint *Masterclass* maidir le feidhmíocht póilíneachta a thomhas i mí na Samhna. |
| 4 | Faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána | 4A: Measúnacht ar fheidhmíocht póilíneachta trí thuarascálacha míosúla a thabhairt ar aird agus tuarascálacha ríthábhachtacha a fhoilsiú (lena n-áirítear tuarascálacha míosúla feidhmíochta, measúnú leathbhliantúil ar fheidhmíocht póilíneachta | | I gCrích | I gCrích | Soláthraíodh tuarascálacha míosúla don Údarás agus do Choistí (Forléargas na Feidhmeannachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta).<br><br>Foilsíodh measúnachtaí leathbhliantúla i mí an Mhárta agus i mí Lúnasa agus comhaontaíodh an cur chuige maidir leis an gcéad leagan eile – athbhreithniú tréimhsiúil don tréimhse 2019-2021 – ag an gcruinniú i mí na Samhna. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána | 4B: Leanúint de réitigh nuálaíocha a shainaithint agus a chur i ngníomh chun cabhrú le maoirseacht éifeachtach agus seirbhísí póilíneachta feabhsaithe a sheachadadh (ar siúl ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Tá an "Tuarascáil Aonair" leabaithe anois mar chuid de mhaoirseacht na Feidhmeannachta. Tá an fheidhmeannacht ag leanúint d'fhianaise a bhailiú, agus ag measúnú feidhmíochta agus ag tuairisciú ina leith. Rinne an fhoireann oiliúint *Masterclass* maidir le feidhmíocht póilíneachta a thomhas i mí na Samhna. |
| | | 4C: Maoirseacht spriocdhírithe ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána i ndáil le paindéim COVID-19, lena n-áiritear tuairisciú poiblí go tréimhsiúil. | | I gCrích | I gCrích | Foilsíodh Tuarascáil 16 i mí na Nollag. Bhí caidreamh ag an bhFeidhmeannacht le geallsealbhóirí ar fud na tíre agus thar go leor earnálacha mar aon leis an nGarda Síochána maidir leis an tseirbhís póilíneachta a soláthraíodh le linn na tréimhse sin. |
| | | 4D: Maoirseacht spriocdhírithe ar réimsí feidhmíochta ríthábhachtacha de chuid an Gharda Síochána bunaithe ar mheasúnú priacail lena n-áireofar:<br>- Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán;<br>- Moltaí thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí a chur i ngníomh; agus<br>- Bainistiú amhrastach i gcoimeád agus dul chun cinn chur i ngníomh thuarascálacha an Choiste Eorpaigh um Chéastóireacht agus Chigireacht an Gharda Síochána.<br>- Aonaid drugaí na ranna agus póilíniú drugaí laistigh den phobal | Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán; | Níl tosaithe go fóill | N/B | Curtha Siar. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána | 4D: Maoirseacht spriocdhírithe ar réimsí feidhmíochta ríthábhachtacha de chuid an Gharda Síochána bunaithe ar mheasúnú priacail lena n-áireofar:<br>- Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán;<br>- Moltaí thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí a chur i ngníomh; agus<br>- Bainistiú amhrastach i gcoimeád agus dul chun cinn chur i ngníomh thuarascálacha an Choiste Eorpaigh um Chéastóireacht agus Chigireacht an Gharda Síochána.<br>- Aonaid drugaí na ranna agus póilíniú drugaí laistigh den phobal | Moltaí thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána maidir le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí a chur i ngníomh; agus | I gCrích | I gCrích | Phléigh an tÚdarás an dul chun cinn maidir le cur i ngníomh moltaí agus an cur chuige beartaithe maidir le maoirseacht sa réimse sin in 2022 i mí na Nollag 2021. Cuireadh litir chuig an Aire an 22 Nollaig 2021 ina raibh nuashonrú maidir le dul chun cinn agus na saincheisteanna ríthábhachtacha a d'éirigh. |
| | | | Póilíniú Drugaí laistigh den Phobal | I gCrích | I gCrích | Cuireadh caidreamh mionsonraithe i gcrích le bainistíocht an Gharda Síochána, foireann tosaigh an Gharda Síochána (Aonaid Drugaí Roinne i 13 Roinn),agus le pobail. Soláthraíodh tuarascáil eatramhach do Chomhaltaí agus don Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta. Tá nithe le haghaidh tuilleadh caidrimh in 2022 sa phleanáil gnó. |
| 4 | Faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána | | Bainistiú amhrastach i gcoimeád agus dul chun cinn chur i ngníomh thuarascálacha an Choiste Eorpaigh um Chéastóireacht agus Chigireacht an Gharda Síochána | Níor thosaigh fós | Gan cur i gcrích | Ag deireadh na bliana, fós ag feitheamh ar fhoilsiú na tuarascála. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána | 4E: Maoirseacht ar chur ar ceal gan údar na nGlaonna Seachadta Ríomhchuidithe 999 | Athbhreithniú ar an scrúdú agus na bearta arna ndéanamh ag an nGarda Síochána chun tuiscint a fháil ar na tosca a d'fhág gur cuireadh na glaonna SRC 999 ar ceal d'fhonn a chinntiú go mbeidh seirbhís chuí ann agus muinín sa chóras SRC 999. | Ar siúl | Moill | Rinne an tÚdarás an tuarascáil eatramhach a bhreithniú i mí na Samhna agus fuarthas comhairle thosaigh dlí i mí na Nollag d'fhonn bac amháin atá ann fós a bhaint. Is dócha go dtógfaidh sé i bhfad níos mó ama ná mar a ceapadh an t-athbhreithniú agus an mhaoirseacht ghaolmhar a chur i gcrích. |
| 5 | An córas maidir le ceapacháin sa Gharda Síochána a fheabhsú, a chur i ngníomh agus faireachán a dhéanamh air | 5A: Socruithe i ndáil le Leas-Choimisinéirí a cheapadh a chur i gcrích | | I gCrích | I gCrích | Cuireadh an Comórtas sin i gcrích go rathúil. |
| | | 5B: Ar bhonn tráthúil, Leas-Choimisinéirí, Príomh-Cheannfoirt agus Ceannfoirt a cheapadh, de réir mar is cuí, agus leanúint de na próisis fholuiteacha a fhorbairt de réir an dea-chleachtais. | | I gCrích | I gCrích | Tá an próiseas Ceapacháin ag dul ar aghaidh agus gach comórtas ba ghá déanta in 2021 agus ceapacháin déanta mar ba ghá. |
| | | 5C: Creataí inniúlachta nua a fhorbairt do Leas-Choimisinéirí, Príomh-Cheannfort agus Ceannfort agus an tionscadal le tosú faoi Ráithe 4 2021. | | Ar Siúl | De réir Sprice | Tá tús curtha leis an tionscadal seo. Cuireadh grúpa tionscadail le chéile agus tá Iarraidh ar Thairiscint ullmhaithe maidir le soláthraí seirbhíse agus fógrófar í ar eTenders go gairid. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | An córas maidir le ceapacháin sa Gharda Síochána a fheabhsú, a chur i ngníomh agus faireachán a dhéanamh air | 5D: Ar mhodh tráthúil, gráid agus líon Fhoireann an Gharda Síochána a cheadú agus ceapacháin a dhéanamh de réir feidhmeanna reachtúla. | | Ar Siúl | De réir Sprice | Rinne an tÚdarás dlúthchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le cásanna gnó. Tá cásanna curtha faoi bhráid ag AD an Gharda Síochána agus tá siad á mbreithniú go gníomhach ag an Údarás, roinnt díobh ceadaithe agus ag an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anois chun toiliú a fháil. |
| | | 5E: Maoirseacht a dhéanamh ar phróisis earcaíochta agus ardaithe céime. | | Ar Siúl | De réir Sprice | Déanann an tÚdarás caidreamh ar bhonn míosúil le AD an Gharda Síochána chun gach ní AD, lena n-áirítear earcaíocht, a phlé. Tá comórtas na Sáirsintí ag céim an agallaimh anois agus tá tús curtha le comórtas na gcigirí. |
| 6 | Athbhreithniú agus Maoirseacht a dhéanamh ar athchoiriú eagraíochta an Gharda Síochána | 6A: Measúnacht ar an dul chun cinn agus na tairbhí atá bainte as athchóiriú eagraíochta an Gharda Síochána trí thuarascálacha ríthábhachtacha míosúla a thabhairt ar aird agus a fhoilsiú (lena n-áirítear tuarascálacha míosúla feidhmíochta, measúnú leathbhliantúil ar fheidhmíocht póilíneachta) | | Ar Siúl | De réir Sprice | Soláthraíodh tuarascálacha míosúla don Údarás agus do Choistí (Forléargas Feidhmeannachta ar Fheidhmíocht Póilíneachta).<br><br>Foilsíodh measúnaithe leathbhliantúla i mí an Mhárta agus mí Lúnasa agus comhaontaíodh an cur chuige maidir leis an gcéad leagan eile – Straitéis don tréimhse 2019-2021 – ag cruinniú mhí na Samhna agus le foilsiú in Aibreán 2022. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Athbhreithniú agus Maoirseacht a dhéanamh ar athchoiriú eagraíochta an Gharda Síochána | 6B: Maoirseacht spriocdhírithe bunaithe ar phriacal ar ghnéithe ríthábhachtacha eagraíochtúla an Gharda Síochána lena n-áirítear:<br>- AD agus pleanáil fórsa saothair; agus<br>- Acmhainní an Gharda Síochána (lena n-áirítear Bonneagar Fisiciúil agus airgeadas) | 6B (i) AD agus pleanáil fórsa saothair; | Ar Siúl | De réir Sprice | Bíonn caidreamh ar bhonn míosúil ag an bhFeidhmeannacht le AD an Gharda Síochána chun gach ní AD a phlé, lena n-áirítear pleanáil fórsa saothair. Tá obair leanúnach ar siúl maidir le plean straitéiseach fórsa saothair fadtéarma a fhorbairt |
| | | | 6B (ii) Acmhainní an Gharda Síochána (lena n-áirítear Bonneagar Fisiciúil agus airgeadas) | Ar Siúl | De réir Sprice | Tá an tÚdarás ag leanúint de bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Oibre maidir le Comhacmhainní ar fóram é chun Acmhainní an Gharda Síochána a phlé agus chun aghaidh a thabhairt ar an gcéanna. Déanann an Fheidhmeannacht caidreamh go rialta leis an gceann Faisnéise agus Teicneolaíochta maidir le dul chun cinn chur i ngníomh na Straitéise agus na Físe Faisnéise agus Teicneolaíochta agus le Ceann Airgeadais an Gharda Síochána maidir leis an leithroinnt ón mbuiséad agus an dul chun cinn maidir leis an tionscadal chun a chumas airgeadais a fheabhsú. |
| | | 6C: Maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh Mhodúl Oibríochta nua an Gharda Síochána, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar a éifeachtacht chun tacú le misean sonraithe an Gharda Síochána 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte'. | | Ar Siúl | Moill | I Ráithe 4, lean an Fheidhmeannacht lena caidreamh leis an bhFoireann um an Múnla Lárnach Oibríochta a Chur i nGníomh. Is priacal atá sa ghníomhaíocht thionsclaíoch leanúnach ag Ceannfoirt agus Príomh-Cheannfoirt do sheachadadh an mhúnla. Tá cruinniú le bheith ann an 28 Eanáir 2022 chun an dul chun cinn a mheas go dtí deireadh R4. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Athbhreithniú agus Maoirseacht a dhéanamh ar athchoiriú eagraíochta an Gharda Síochána | 6D: Leanúint den dul chun cinn a mheas maidir leis na hiompraíochtaí cultúir a fheabhsú agus an Cód Eitice a leabú sa Gharda Síochána agus tuairisciú a dhéanamh ar bhonn leathbhliantúil. | | Ar Siúl | De réir Sprice | Nuashonruithe ráithiúla (seachas leathbhliantúla) a sholáthar don Choiste um Fhorbairt Eagraíochta; caidreamh leis an nGarda Síochána de réir mar is gá; Mír ar chlár chruinniú mhí Dheireadh Fómhair an Choiste um Fhorbairt agus bhí plé fada ann leis an nGarda Síochána; Pléadh an t-athbhreithniú seachtrach ar an gCód Eitice agus comhaontaíodh é a roinnt leis an nGarda Síochána; Litir seolta á iarraidh ar an nGarda Síochána athbhreithniú éifeachtachta ar an gCód a dhéanamh; An Fheidhmeannacht páirteach i gcáil breathnóra ar Ghrúpa Stiúrtha an Dara hIniúchta ar Chultúr agus d'fhreastail sé ar an gcéad chruinniú. |
| | | 6E: Maoirseacht spriocdhírithe ar shocruithe agus struchtúir rialachais an Gharda Síochána, bunaithe ar mheasúnú priacail agus ar a n-áireofaí dá bhrí sin:<br>- Comhoibriú agus idirghníomhaíocht leanúnach le coiste iniúchta an Gharda Síochána;<br>- Maoirseacht leanúnach ar chóras um Nochtadh Cosanta an Gharda Síochána, Rialacháin Araíonachta agus bunú aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána. | Comhoibriú agus idirghníomhaíocht leanúnach le coiste iniúchta an Gharda Síochána (GSAC); | I gCrích | I gCrích | Idirghabháil leanúnach le Coiste Iniúchta an Gharda Síochána. San am céanna, caidreamh ar siúl maidir le dearbhú an Gharda Síochána agus nósanna imeachta rialachais maidir le moltaí. Beidh obair sa réimse sin mar chuid de thosaíocht straitéiseach an Údaráis don tréimhse 2022-2024 chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialachais an Gharda. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Athbhreithniú agus Maoirseacht a dhéanamh ar athchoiriú eagraíochta an Gharda Síochána | 6E ar leanúint:<br>- Measúnú ar éifeachtacht na gcóras agus na bpróiseas maidir le léirithe míshástachta faoi fhórsa saothair an Gharda Síochána a bhainistiú, go hinmheánach nó go seachtrach araon. | Maoirseacht leanúnach ar chóras um Nochtadh Cosanta an Gharda Síochána | Ar Siúl | De réir Sprice | Caidreamh leanúnach agus bileog treorach ráithiúil ar gach ceann den 3 ábhar curtha ar fáil don Choiste um Fhorbairt Eagraíochta agus don Údarás.<br>Caidreamh leanúnach leis an Aonad Frith-Éillithe chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na moltaí arna ndéanamh sa tuarascáil ó chigireacht an Gharda Síochána.<br>Faisnéis mhionsonraithe maidir le hAraíonacht agus Fionraí faighte gach ráithe.<br>Ní bhfuarthas freagra ar bith ón Roinn ar an gcomhfhreagras uainn maidir le hathruithe is gá ar na rialacháin Araíonachta. |
| | | | Maoirseacht leanúnach ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána | Ar Siúl | Moill | |
| | | | Maoirseacht leanúnach ar bhunú Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána | Ar Siúl | De réir Sprice | |
| | | | Measúnú ar éifeachtacht na gcóras agus na bpróiseas maidir le léirithe míshástachta faoi fhórsa saothair an Gharda Síochána a bhainistiú, go hinmheánach nó go seachtrach araon. | Ar Siúl | Moill | Bhí an tionscadal seo le cur i gcrích in 2021. De réir mar a thosaigh an tionscadal agus mar a chuaigh sé ar aghaidh, d’éirigh sé soiléir cé chomh casta a bhí an tionscadal, agus tá athaicmiú déanta air anois mar thionscadal níos fadtéarmaí agus dáta críochnaithe in 2022. Go dtí seo, tá taighde fhairsing deascbhunaithe déanta agus tharla réimse fairsing caidrimh le geallsealbhóirí éagsúla. Tá easnaimh ríthábhachtacha sa chóras reatha, chomh maith le luamháin chun athruithe a dhéanamh, sainaitheanta. Tá dréachtbhileog treorach ina léirítear na próisis reatha, easnaimh, maoluithe agus moltaí á hullmhú agus beidh sí curtha i gcrích i R2 2022. Sainaithníodh tuilleadh geallsealbhóirí a bhfuil caidreamh le déanamh leo, agus tá cruinnithe le bheith ann. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun cuntasacht póilíneachta a chinntiú ag leibhéal áitiúil | 7A: Caidreamh a dhéanamh le Scéimeanna Píolótacha Sábháilteachta Pobail agus rannchuidiú leo agus le sásraí molta maidir le maoirseacht ar phóilíniú áitiúil. | | Ar Siúl | Gan Cur i gCrích | Ní raibh an deis againn caidreamh a dhéanamh le haon cheann de na scéimeanna píolótacha go dtí seo, scéimeanna atá ag céim luath den fhorbairt, d'ainneoin neart iarrataí chun bhreathnú ar chruinnithe. Tá cruinnithe le trí chathaoirleach beartaithe don bhliain 2022. |
| | | 7B: Caidreamh a dhéanamh le Coistí Póilíneachta Áitiúla (JPCs) agus Fóraim Áitiúla agus maoirseacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht lena n-áirítear cruinnithe a thionól le Coistí Póilíneachta Áitiúla agus geallsealbhóirí eile agus pleanáil a dhéanamh maidir le hoiliúint a sheachadadh. | | I gCrích | I gCrích | Rinneadh caidreamh le 20 Coiste Póilíneachta Áitiúil san iomlán i rith 2021. Bhí teorainn le caidreamh le fóraim mar gheall ar shrianta ar infhaighteacht agus tionchar COVID ar chruinnithe. Rinneadh breithniú ar oiliúint maidir leis na Treoirlínte beartaithe agus tá siad beartaithe don bhliain 2022 san am céanna le foilsiú na dTreoirlínte beartaithe |
| | | 7C: Treoirlínte maidir le Coistí Póilíneachta Áitiúla a bhreithniú (faoi dheireadh R2). | | Ar Siúl | Moill | Tá na Treoirlínte curtha i gcrích. Foilseofar iad go luath in 2022 agus soláthrófar treoir chun cabhrú leis an gcur i ngníomh |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 | Díriú maidir le Cearta an Duine a Leabú i Maoirseacht an Udaráis | 8A: Maoirseacht a dhéanamh ar Chearta an Duine a leabú sa Gharda Síochána agus tuairisciú go ráithiúil. | | | | Tionóladh cruinniú nuashonrúcháin le hAonad um Chearta an Duine de chuid an Gharda Síochána i mí Dheireadh Fómhair agus pléadh spriocanna an Phlean Póilíneachta, chomh maith leis an Straitéis AD; Cuireadh isteach iarraidh ar ábhar breise ó Chlár Ghníomhaíochtaí an Gharda Síochána (GAR) (ábhar nach bhfuil faighte go fóill); Déanfar togra maidir leis an straitéis nua de chuid an Gharda Síochána a sheachadadh; Fuarthas an Straitéis nua um Chearta an Duine de chuid an Gharda Síochána agus roinneadh í le comhaltaí an Údaráis ag cruinniú mhí na Nollag; freastal leanúnach ar chruinnithe den Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (SHRAC); soláthraíodh don Fheidhmeannacht an cur i láthair den fhormáid nua tuairiscithe maidir le 'Úsáid Fornirt' |
| | | 8B: Faireachán agus Maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na Straitéisí Éagsúlachta agus Lánpháirtíochta ag an nGarda Síochána, i dtéarmaí éagsúlú an fhórsa saothair agus i dtéarmaí póilíniú a dhéanamh ar phobail éagsúla agus cumarsáid leo. Tuarascáil ar chomhlíonadh a ndualgas faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag an nGarda Síochána (faoi dheireadh R2). | Maoirseacht leanúnach ar chur i ngníomh ar na Straitéisí Eagsúlachta, inmheánach agus seachtrach araon. | Ar Siúl | De réir Sprice | Cuireadh mionteagaisc ráithiúla ar fáil don Choiste um Fhorbairt Eagraíochta bunaithe ar ábhar a fuarthas ón nGarda Síochána de bhun iarrataí tréimhsiúla GAR chun maoirseacht a éascú; Bhí míreanna ar chlár chruinnithe mhí Iúil agus mhí Dheireadh Fómhair den Choiste um Fhorbairt Eagraíochta agus bhí plé fada orthu; rannpháirteachas leanúnach ag Feidhmeannacht Fhóram Náisiúnta Éagsúlachta; cuireadh páipéar acadúil i gcrích agus táthar ag feitheamh ar cheadú ón bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 | Díriú ar Chearta an Duine a leabú i Maoirseacht an Údaráis | 8B: Faireachán agus Maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na Straitéisí Éagsúlachta agus Lánpháirtíochta ag an nGarda Síochána, i dtéarmaí éagsúlú an fhórsa saothair agus i dtéarmaí póilíniú a dhéanamh ar phobail éagsúla agus cumarsáid leo. Tuarascáil ar chomhlíonadh a ndualgas faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag an nGarda Síochána (faoi dheireadh R2). | Taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú maidir leis an taithí atá ag pobail éagsula agus mionlaigh in Éirinn ar phóilíniú. | Ar Siúl | Moill | Níor tháinig ach iarratas amháin ar an nglao ar thaighde, agus bhrath an Bord Measúnaithe é a bheith neamhrathúil, dá bhrí sin tá gá le iarraidh ar thairiscint a dhéanamh arís agus tá ullmhúcháin ar siúl; Rinneadh obair allamuigh chun tuiscint níos fearr a fháil ar líon íseal na n-iarratas; Rinneadh sraith moltaí maidir leis an iarraidh nua ar thairiscintí agus cuireadh os comhair na Foirne Bainistíochta Sinsearaí iad; iarraidh ar thairiscint le déanamh arís in Eanáir 2022. |
| | | | Maoirseacht leanúnach ar dhul chun cinn maidir le sonraí eitneacha a thiomsú. | Ar Siúl | Moill | Choimisiúnaigh an tÚdarás comhairle sheachtrach agus fuarthas agus dearbhaíodh staid an Gharda Síochána go bhfuil gá le hathruithe reachtúla chun a cheadú sonraí eitneacha a bhailiú; Tá an próiseas ar siúl maidir leis an ngrúpa céanna a chur ar conradh chun forálacha reachtúla sonracha a sholáthar lena gcur isteach; níl aon dul chinn eile déanta ag an nGarda Síochána; soláthraíodh nóta mionteagaisc do chruinniú mhí na Samhna den Údarás. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 | Díriú ar Chearta an Duine a leabú i Maoirseacht an Údaráis | 8C: Saineolas agus cumas maidir le Cearta an Duine a fheabhsú laistigh den Údarás agus díriú ar Chearta an Duine a leabú in obair mhaoirseachta an Údaráis (ar siúl ar feadh 2021). | | Ar Siúl | De réir Sprice | Oiliúint maidir le Cearta an Duine seachadta don fhoireann go léir ag an Ollamh Yvonne Daly i mí na Samhna; Bhí seisiún ann chun teagmhais SRC a phlé i gcomhthéacs Chearta an Duine an 15 Nollaig; Chríochnaigh cúig chomhalta den Fheidhmeannacht rannpháirteachas sa chúrsa creidiúnaithe ar Chearta an Duine arna sholáthar ag Ollscoil Luimnigh don Gharda Síochána, agus tá cúigear eile leis an gclár a tosú Eanáir 2022. Tionóladh cruinniú freisin le hOllscoil Luimnigh chun tuilleadh oiliúna saincheaptha a sholáthar don Fheidhmeannacht. |
| | | 8D: Measúnú a dhéanamh ar bhonn ráithiúil ar chomhlíonadh a dhualgas reachtúil faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ag an Údarás | | Ar Siúl | Moill | Tá sainfháil oiliúna maidir le dualgais an Údaráis faoi A.42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas curtha i gcrích agus tús curtha leis an oiliúint. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an athbhreithniú ar shuíomh gréasáin agus doiciméid inmheánacha an Údaráis chun a chinntiú go gcloítear le treoirlínte inrochtaineachta. Tá moltaí a bhaineann le leasuithe ar dhoiciméid inmheánacha agus treoir stíle an Údaráis curtha ar aghaidh chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearach agus táthar ag feitheamh ar fhreagra |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9 | Obair allamuigh agus caidreamh le geallsealbhóirí chun cabhrú le hobair mhaoirseachta agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus í a chur chun cinn | 9A: Obair allamuigh a ghabháil de láimh chun tacú leis an measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta agus maoirseacht ar chumasóirí (ar siúl ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Amhail an 03/12/21, 67 gcaidreamh déanta chun tacú leis an measúnú ar fheidhmíocht agus maoirseacht ar chumasóirí. |
| | | 9B: (Faoi dheireadh R1) plean caidrimh spriocdhírithe le geallsealbhóirí a fhorbairt agus a chur i ngníomh (R2-R3). | | I gCrích | I gCrích | Tá plean caidrimh le geallsealbhóirí curtha i ngníomh, faoi mar a samhlaíodh. |
| | | 9C: Caidreamh éifeachtach a chothabháil agus a neartú le comhlachtaí maoirseachta póilíneachta eile náisiúnta agus idirnáisiúnta (ar siúl ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Bhí cruinniú foirne Feidhmeannachta ann i mí na Nollag le hInstitiúid Taighde Póilíneachta na hAlban agus Údarás Póilíneachta na hAlban chun eolas a chomhroinnt go neamhfhoirmiúil. |
| | | 9D: Líonraí taighde a thógáil agus a éascú agus comhoibriú ina leith sin le heagraíochtaí taighde, póilíneachta agus maoirseachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. (ar siúl ar feadh 2021). | | I gCrích | I gCrích | Dámhachtain ón gComhairle um Thaighde in Éirinn glactha ag iarratasóir. |
| | | 9E: Dhá chomhrá poiblí nó ócáid phoiblí a shocrú de réir mar is iomchuí chun feabhsú ar chaighdeáin póilíneachta a fheabhsú agus rochtain ar fhaisnéis chruinn a éascú | | Ar Siúl | Gan cur i gCrích | Cuireadh comhrá poiblí an 15 Meán Fómhair i gcrích go rathúil. Ní raibh cumas ann, áfach, an dara comhrá a bheith ann. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9 | Obair allamuigh agus caidreamh le geallsealbhóirí chun cabhrú le hobair mhaoirseachta agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus í a chur chun cinn | 9F: Tionscadail taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú chun maoirseacht póilíneachta a éascú agus eolas agus feasacht maidir le nithe póilíneachta a fheabhsú | | Ar Siúl | Moill | Tuarascáil Sparánacht Ollscoil Bhaile Átha Cliath maidir le daoine óga agus meabhair-shláinte foilsithe, agus tionóladh seimineár i gcomhar leis an gCumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD). Fuarthas dréacht-tuarascáil chríochnaitheach go déanach i mí na Nollag agus tá sí á breithniú ag an bhFeidhmeannacht sula bhfoilseofar í go luath in 2022. |
| 10 | Comhlíonadh dea-chleachtais ag an eagraíocht maidir le Rialachas, Rialuithe Inmheánacha agus Seirbhísí Corparáideacha | 10A: Socruithe aistrithe a chur chun cinn le haird ar mholtaí an Rialtais maidir le socruithe maoirseachta nua (ar siúl ar feadh 2021). | | Níl Tosaithe go Fóill | Moill | Tionóladh cruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt chun an clár a phlé lena dtabharfar éifeacht do na forálacha reachtúla sa Bhille Sabháilteachta Póilíneachta agus Pobail. Tá cruinniú eile ina mbeidh Cigireacht an Gharda Síochána páirteach beartaithe san Athbhliain, d'fhonn plean tionscadail a bhreithniú chun éifeacht a thabhairt don Údarás Sabháilteachta Póilíneachta agus Pobail. |
| | | 10B: A chinntiú go ndéantar cleachtais airgeadais agus rialachais an Údaráis a oibriú go hiomlán de réir na reachtaíochta iomchuí, na gcód agus na ndualgas seirbhíse poiblí agus beartas agus nósanna imeachta na heagraíochta. | Airgeadas | I gCrích | I gCrích | |
| | | | Sainfháil | Ar Siúl | Moill | Sainfháil seirbhísí dlí á déanamh ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus meastar go mbeidh an tsainfháil curtha i gcrích go luath in 2022. |
| | | | Rialachas | I gCrích | I gCrích | |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Comhlíonadh dea-chleachtais ag an eagraíocht maidir le Rialachas, Rialuithe Inmheánacha agus Seirbhísí Corparáideacha | 10B: A chinntiú go ndéantar cleachtais airgeadais agus rialachais an Údaráis a oibriú go hiomlán de réir na reachtaíochta iomchuí, na gcód agus na ndualgas seirbhíse poiblí agus beartas agus nósanna imeachta na. | Iniúchadh Inmheánach | I gCrích | I gCrích | Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht Boird agus iniúchtaí ar thionchar COVID-19 ar oibríochtaí gnó agus Rialuithe TFC curtha i gcrích.<br><br>Cuireadh tús le hiniúchadh maidir le Luach ar Airgead agus sainfháil agus an t-iniúchadh críochnaitheach ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i mí na Nollag. Cuirfear an dá cheann ar fáil don Choiste Iniúchta agus Priacail i mí Feabhra 2022.<br><br>Plean Iniúchta don bhliain 2022 comhaontaithe. |
| 10 | Comhlíonadh dea-chleachtais ag an eagraíocht maidir le Rialachas, Rialuithe Inmheánacha agus Seirbhísí Corparáideacha | 10B: A chinntiú go ndéantar cleachtais airgeadais agus rialachais an Údaráis a oibriú go hiomlán de réir na reachtaíochta iomchuí, na gcód agus na ndualgas seirbhíse poiblí agus beartas agus nósanna imeachta na heagraíochta. | Iniúchadh seachtrach | I gCrích | I gCrích | Rinneadh an t-iniúchadh seachtrach de réir an sceidil in 2021. |
| | | | Fiosruithe | I gCrích | I gCrích | Déileáladh le gach fiosrú i gcomhréir le beartas na heagraíochta. |
| | | | Bainistiú Meán/Preasa | I gCrích | I gCrích | Seachadadh plean oibre cumarsáide a bhaineann le bainistiú meán/preasa. |
| | | | Bainistiú Priacail | I gCrích | I gCrích | Soláthraíodh tuarascálacha maidir le Bainistiú Priacail don Choiste Iniúchta agus Priacal agus don Údarás araon ar bhonn míosúil.  Pléitear priacal ag cruinnithe den Fhoireann Bainistíochta. |
| | | | Comhairle Dlí a chomhordú | I gCrích | I gCrích | |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Comhlíonadh dea-chleachtais ag an eagraíocht maidir le Rialachas, Rialuithe Inmheánacha agus Seirbhísí Corparáideacha | | Saoráil Faisnéise | Ar Siúl | De réir Sprice | Tá an Taifead Saorála Faisnéise do R4 le huaslódáil ar an suíomh gréasáin go gairid; Tá an Scéim Foilseacháin uaslódáilte ar an suíomh gréasáin; Freagraítear gach iarraidh de réir na n-amlínte reachtúla. |
| | | | Cosaint Sonraí | I gCrích | I gCrích | |
| | | 10C: Eagraíocht ardfheidhmíochta a chinntiú. le tacaíocht straitéisí bainistithe éirimiúlachta chun cumas na heagraíochta a thógáil. | Bainistíocht Acmhainní Daonna | Ar Siúl | De réir Sprice | Tá nithe AD ag dul ar aghaidh agus tá straitéis Foghlama agus Forbartha á hullmhú ag AD don bhliain 2022. Thosaigh Príomh-Oifigeach Cúnta amháin i Ráithe 4 agus tionóladh comórtas inmheánach le haghaidh Oifigeach Feidhmiúcháin agus tharla 1 ardú céime dá bharr. |
| | | 10D: Socruithe maidir le Seirbhísí Corparáideacha ar bun chun tacú leis an Údarás agus an fhoireann a bhfeidhmeanna a fheidhmiú ar mhodh éifeachtúil agus éifeachtach. | Saoráidí | I gCrích | I gCrích | Na socruithe go léir is gá curtha ar bun chun a chumasú don Údarás agus don fhoireann oibriú go héifeachtach in 2021 de réir srianta Rialtais. |
| | | | ICT | I gCrích | I gCrích | Cuireadh na tacaíochtaí TFC ar fad ba ghá ar bun chun a chumasú don Údarás agus don fhoireann oibriú go héifeachtach in 2021. Tionóladh cruinnithe le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun aistriú na seirbhíse TFC ar ais ón Roinn Dlí agus Cirt in 2022 a bhreithniú. Tá an obair dícheallachta cuí bhí á déanamh le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais curtha i gcrích agus tá socruithe chun an próiseas aistrithe a thosú ar siúl. |

| Tosaíocht | | Gníomh | Foghníomh | Dul chun Cinn | Stádas RAG | Nuashonrú faoi Dhul chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Comhlíonadh dea-chleachtais ag an eagraíocht maidir le Rialachas, Rialuithe Inmheánacha agus Seirbhísí Corparáideacha | 10E: Oibriú leanúnach Phlean Leanúnachais Ghnó an Údaráis a chur i ngníomh agus faireachán a dhéanamh air chun feidhmeanna an Údaráis a chothabháil agus leas na foirne a chinntiú (SMT) | Leanúnachas gnó | Ar Siúl | Moill | Sainaithníodh obair agus cuireadh chun cinn í a mhéid is féidir in 2021. Leanfar den obair isteach sa bhliain 2022 ach tá moill ann de bharr srianta Rialtais. |

## Aguisín 2 – Staidreamh maidir le Ceapacháin Sinsearacha an Gharda Síochána, 2021

| Comórtas Roghnúcháin: Leas-Choimisinéir 2021 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Céim | An Líon Iarratasóirí | Inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta Fostaíochta | An Líon Iarratasóirí |
| **Príomh-Cheannfort** | N/B | **Fir** | N/B | **An Garda Síochána** | N/B |
| **Céimeanna eile** | N/B | **Mná** | N/B | **SPTÉ** | N/B |
| **Iomlán** | N/B | **Iomlán** | N/B | **Iomlán** | N/B |
| **Comórtas Roghnúcháin: Príomh-Cheannfort 2021** | | | | | |
| Céim | An Líon Iarratasóirí | Inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta Fostaíochta | An Líon Iarratasóirí |
| **Ceannfort** | N/B | **Fir** | N/B | **An Garda Síochána** | N/B |
| **Céimeanna eile** | N/B | **Mná** | N/B | **SPTÉ** | N/B |
| **Iomlán** | N/B | **Iomlán** | N/B | **Iomlán** | N/B |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort 2021** | | | | | |
| Céim | An Líon Iarratasóirí | Inscne | An Líon Iarratasóirí | De réir na hEagraíochta Fostaíochta | An Líon Iarratasóirí |
| **Cigire** | 131 | **Fir** | 112 | **An Garda Síochána** | 131 |
| **Céimeanna eile** | 0 | **Mná** | 19 | **PSNI** | 0 |
| **Iomlán** | **131** | **Iomlán** | **131** | **Iomlán** | **131** |

| Painéil a bunaíodh agus Ceapacháin 2021 | | | |
|---|---|---|---|
| Céim | Líon na nIarratasóirí ar an bpainéal | Líon na nIarratasóirí a ceapadh (amhail ar an 31/12/21 | Dáta Éaga an Phainéil |
| **Leas-Choimisinéir** | **N/B** | N/B | N/B |
| **Príomh-Cheannfort** | **N/B** | N/B | N/B |
| **Ceannfort** | **26** | 16 | 28/07/22 |

## Aguisín 3 – An Tuarascáil Airgeadais Achoimre, 2021

Tá achoimre ar chaiteachas in 2021[7] ar Vóta an Údaráis arna thíolacadh sa tábla thíos.

| Achoimre Airgeadais maidir le Vóta an Údaráis Phóílíneachta, 2021 | | |
|---|---|---|
| **Fotheideal** | **Soláthar sna meastacháin** | **Caiteachas** |
| | **€000** | **€000** |
| **A (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, etc. | 2,247 | 2,236 |
| **Ragobair** | 0 | - |
| **Iomlán A (i)** | **2,247** | **2,236** |
| | | |
| **A (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 48 | 2 |
| 2. Íocaíocht Fritháirimh i leith Astaíochtaí Aerthaistil | 2 | - |
| **Iomlán A (ii)** | **50** | **2** |
| | | |
| **A (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Costas Teagmhasach** | | |
| 1. Oiliúint & Forbairt Foirne | 60 | 46 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | 7 |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 23 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin etc. | 20 | 22 |
| 5. Siamsaíocht | 10 | 02 |
| 6. Ilghnéitheach | 685 | 247 |
| 7. Táillí agus Caiteachais na gComhaltaí | 215 | 202 |
| **Iomlán A (iii)** | **1,095** | **549** |
| | | |
| **A (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | 11 | 2 |
| **Seirbhísí Poist** | 39 | 11 |
| Teileachumarsáid | **50** | **13** |
| **Iomlán A (iv)** | | |
| | | |
| **A (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF** | | |
| 1. Ríomhairí, etc. (Reatha) | 105 | 128 |
| 2. Innealra agus Stáiseanóireacht Oifige | 20 | 2 |
| **Iomlán A (v)** | **125** | **130** |
| | | |
| **A (vi) Costais i leith Áitreabh Oifige** | | |
| 1. Cothabháil | 39 | 22 |
| 2. Teas, Solas agus Breosla | 36 | 20 |
| 3. Trealamh agus Feistis | 55 | 2 |
| **Iomlán A (vi)** | **130** | **44** |
| | | |
| **A (vii) Seirbhísí Comhairleoireachta agus Athbhreithnithe Luach ar** | 100 | **1** |
| **Airgead agus Beartais** | **3,797** | **2,975** |
| **Caiteachas Iomlán** | | |
| ***lúide*** | | |
| **B. Leithreasaí-i-gCabhair** | 47 | 65 |
| Tobhach Pinsin | **47** | **65** |
| **Iomlán A-in-A** | | |
| | **3,750** | **2,910** |
| **Glanchaiteachas** | | |

[7] Faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Aguisín 4 – Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithním freagracht an Údaráis i leith an chórais rialaithe inmheánaigh.

Ní fhéadfaidh aon chóras den sórt sin i leith rialú inmheánach ach dearbhú réasúnach amháin a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha, seachas dearbhú iomlán. Le linn dó éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a bhreithniú, bíonn aird ag an Údarás ar, i measc nithe eile, cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá gach iarracht déanta aige ó bunaíodh é ceanglais an Chóid a chomhlíonadh a mhéid is cuí maidir le gníomhaireacht bheag, neamhthráchtála, neamhspleách, agus leanadh den chéanna i rith 2021.

Maidir leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun, dearadh iad chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar agus cuireadh in oiriúint iad chun méid agus castacht na heagraíochta a léiriú chomh maith le cineál athraitheach an Údaráis. Sa chomhthéacs sin, tugaim do m'aire gur bhain cion mór de chaiteachas an Údaráis in 2021 le costais pá arna riaradh ag Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO), agus dá bhrí sin faoi réir na gcóras rialaithe inmheánach, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach, atá ar bun san eagraíocht sin. Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí próiseála AD, TFC agus idirbheart airgeadais eile a ghabháil de láimh thar ceann an Údaráis.

Tá bearta glactha ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe ar bun trí na nithe seo a leanas:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Deighilt shoiléir idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Feidhmeannachta a chur ar bhonn foirmiúil;
- Ceanglais tuairiscithe rialta a shocrú maidir le nithe airgeadais, priacail agus rialachais;
- Coiste Iniúchta agus Priacail a bhunú;
- Cóid Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis;
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann oilte go cuí agus go bhfuil an taithí chuí acu; agus
- Féachaint le cultúr láidir agus luachanna láidre a bhunú, lena spreagtar ardchaighdeáin maidir le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta.

I rith 2021, bhí aird leanúnach ag an Údarás ar oibriú a chórais bainistithe priacail chun priacail ghnó a shainaithint agus na himpleachtaí a bhain leo a mheas. Déanann an Coiste Iniúchta agus Priacail maoirseacht ar oibriú an chórais Bainistithe Priacail. Bíonn priacal mar mhír ar bhuanchlár chruinnithe míosúla an Údaráis, nuair a dhéantar an tuarascáil Bainistithe Priacail a athbhreithniú, faireachán a dhéanamh ar mhórphriacail agus gníomhartha maolúcháin agus aghaidh a thabhairt ar phriacal i gcomhthéacs gach cinneadh suntasach den Údarás.

Tá aird ghéar tugtha ar bhonn leanúnach ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí, an Coiste Iniúchta agus Priacail, Iniúchóirí Inmheánacha agus an tÚdarás ar thionchar COVID-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina n-oibríonn an tÚdarás. Ar dtús, b'iad na priacail shuntasacha a sainaithníodh ná na cinn sin a bhain le leanúnachas gnó agus sláinte agus sábháilteacht agus mar fhreagairt dóibh rinne an tÚdarás gníomh láithreach agus leanúnach maidir leis an gcor a bhí ag teacht chun cinn. Tá na gníomhartha seo a leanas san áireamh:

- Freagracht as leanúnachas gnó a chur ar an mBainisteoir Leanúnachais Ghnó sainainmnithe;
- Rochtain chianda ar an ngréasán a thabhairt don fhoireann go léir chun obair ón mbaile a éascú;

- Bearta dochta rialaithe infhabhtuithe a fhorbairt agus a chur i ngníomh in oifigí an Údaráis;
- Cumarsáid leis an bhfoireann go léir maidir le treoirlínte/cur i gcuimhne faoi conas obair a dhéanamh ón mbaile go sábháilte agus go héifeachtach, le haird chuí ar chosaint sonraí agus rialuithe inmheánacha cuí;
- An trealamh is gá a sholáthar chun obair ón mbaile a éascú lena n-áirítear cumarsáid san eagraíocht;
- Beartas maidir le cumarsáid dhíreach mhinic idir bainisteoirí agus foireann le linn a bheith ag obair ón mbaile;
- Cur chuige dírithe leanúnach maidir le caidreamh agus leas foirne le linn na paindéime.

Le haird shonrach ar rialuithe inmheánacha le linn tréimhse éigeandála COVID-19:

- Lean obair an Choiste Iniúchta agus Priacail ar aghaidh gan staonadh agus, go háirithe, tharla an t-iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe de réir an sceidil agus tugadh aird ar leith ar thionchar COVID-19;
- Cothabháladh na rialuithe ríthábhachtacha, agus oiriúnaíodh próisis áirithe maidir le hobair chianda airgeadais. Cuireadh isteach ar amlínte íocaíochta fad a bhí próisis oiriúnaithe ag leabú ach tá siad gnóthaithe ó shin. Tá aird ghéar á tabhairt ar an réimse áirithe sin ag an gCoiste Iniúchta agus Priacail, na hiniúchóirí inmheánacha agus foireann sa réimse airgeadais.
- De mhaolú ar an bpriacal follasach go gcaillfí pearsanra le linn na tréimhse, cothabháladh freisin feidhmeanna AD agus foirne, agus d'éirigh le hearcaíocht agus tugadh pearsanra nua isteach ag leibhéal an Údaráis agus na foirne araon.
- Lean gach Comhalta den Údarás agus an fhoireann de bheith ag obair ón mbaile le linn na tréimhse éigeandála, agus is trí shocrú roimh ré a rinneadh freastal ar an oifig, ar choinníoll go soláthrófaí foirm shláinte-COVID chuí agus in imthosca eisceachtúla amháin. Déantar taifead d'aon fhreastal den sórt sin a choimeád ar bhonn leanúnach.
- Thionóil an tÚdarás 18 gcruinniú den Údarás in 2021, 11 díobh leis an gCoimisinéir agus 7 gcinn díobh sin go poiblí. Is go cianda a tionóladh na cruinnithe sin go léir agus bhí beoshruth ann de na cruinnithe poiblí.

Áirítear na nósanna imeachta seo a leanas ar na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha:

**An Coiste Iniúchta agus Priacail**
Tháinig an Coiste Iniúchta agus Priacail le chéile 5 huaire in 2021. Tíolacadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste don Údarás agus tá sí ar fáil le breathnú uirthi ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Táim sásta gur chomhall an Coiste a ról go cuí i rith na bliana.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo chun a chinntiú go léirítear ann go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánach, arna chur i gcrích ag an soláthraí Iniúchta Inmheánaigh i mí Feabhra 2021, mar thaca leis an measúnacht sin.

**Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta**
Tá rialuithe cuí airgeadais ar bun agus doiciméadaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais, deighilt idir dualgais, maoirseacht chuí, teorannaithe údarúcháin agus ceadúcháin, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiceacha agus athbhreithniú bainistíochta.

Tá córais cuí faireacháin ar bhuiséid ar bun, bunaithe ar thaifid airgeadais arna gcothabháil ag na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte. Tá gealltanas faighte ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne maidir le leordhóthanacht na gcóras sin agus na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Tá tuilleadh córais oibríochta le haghaidh bainistiú faisnéise ag an Údarás ar bun nó á bhforbairt de réir gníomhaíochtaí gnó agus ceanglais ghnó.

Tá na rialacha agus na treoirlínte iomchuí reatha maidir le sainfháil á gcomhlíonadh ag an Údarás, de réir mar atá siad leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Seoladh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánach trí Iniúchadh Inmheánach i mí Feabhra 2021.

**Iniúchadh Inmheánach**
Bunaíodh feidhm iniúchta inmheánaí don Údarás i mí Eanáir 2017 agus tá soláthraí seirbhíse seachtrach á soláthar ó shin. Cuireadh tús le próiseas sainfhála de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais go déanach in 2020 chun an fheidhm iniúchta inmheánaí a thairiscint arís. Cuireadh conradh ar bun le Crowleys DFK i mí Eanáir 2021 ar feadh tréimhse trí bliana faoi Chairt Iniúchta Inmheánaigh. Cuireadh trí iniúchadh inmheánach i gcrích in 2021. Ina theannta sin, cuireadh athbhreithniú ar éifeachtacht agus rialú i gcrích i mí Feabhra 2021 don tréimhse 2016-2019.

Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais Iniúchta Inmheánaí, braitheadh ar na nithe seo a leanas:

- An phleanáil agus an obair priacalbhunaithe iniúchta arna gabháil de láimh in 2021 mar chuid den Iniúchadh Inmheánach, agus tuarascálacha iniúchta inmheánach, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha a gabhadh de láimh i mí Feabhra.
- Tuarascálacha agus athbhreithnithe bainistíochta, lena n-áirítear maidir le dul chun cinn chur i ngníomh na moltaí iniúchta, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha an Údaráis;
- Clár Priacal an Údaráis;
- An obair a rinne an Coiste Iniúchta agus Priacail;
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar a n-iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa; agus
- Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha dár eisfhoinsíodh feidhmeanna, lena n-áirítear:
  - Ón Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt, i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
  - Ó thuarascáil na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis an Iniúchadh Inmheánach ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
  - Ón Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le TFC; agus
  - Ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le soláthar AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an córas iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach, a athbhreithniú mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa chun comhlíonadh an Údaráis maidir le ceanglais Mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a dhaingniú agus tá sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis a bhfuil siad ar an eolas faoi óna n-obair iniúchóireachta.



**Bob Collins**
**Cathaoirleach**

**22 Aibreán 2022**

## Aguisín 5 – Úsáid Fuinnimh 2021

Úsáid Fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta lonnaithe ar urlár amháin i bhfoirgneamh cúig stór ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Mhéadaigh líon na bhfostaithe de bheirt le linn na bliana 2021, agus bhí 38 gcomhalta foirne ann amhail ar an 31 Nollaig 2021.

Tá an tÚdarás fós tiomanta maidir leis an bplean uile-Rialtais i leith laghdú carbóin. Bhí ionadaíocht don Údarás ag Fóram Fuinnimh na hEarnála Poiblí, 2021 agus tuigeann sé fiúntas gach deis is féidir chun bearta feabhsaithe a shainaithint maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus tionscnaimh ghlasa.

Bhí gach beart cuí chun úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bun laistigh den Údarás in 2021, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Lean an tÚdarás lena chuid iarrachtaí úsáid fuinnimh a íoslaghdú agus tá roinnt tionscnamh ar bun aige lena n-áirítear an fhoireann a spreagadh chun an staighre a úsáid a mhéid is féidir agus a chinntiú go múchtar an trealamh cuí leictreach go léir agus go múchtar na soilse agus an teas go léir ag deireadh gnó gach lá.
- Tá amadóirí feistithe ar théitheoirí uisce agus ar an gcoire uisce a chabhraíonn le tomhailt fuinnimh a laghdú.
- Foirmíodh "Foireann Glas" roimhe seo chun feabhsuithe a scrúdú agus a chur ar bun ach ní raibh ach deis theoranta aige le linn 2021 mar gheall ar COVID-19 chun tuilleadh athruithe a chur chun cinn. Táthar ag súil leis go n-athbhunófar tionscnamh dá shamhail sin nuair a fhillfear ar obair hibrideach in 2022.
- I rith 2021, d'oibrigh an fhoireann go cianda gan freastal san oifig ach in imthosca eisceachtúla amháin. Mar gheall ar an laghdú ar an líon daoine a bhí in áitreabh an Údaráis laghdaíodh go mór an fuinneamh a raibh gá leis. Mar nach n-úsáidtear soilsiú ach nuair a bhíonn comhalta den fhoireann san oifig agus i limistéir áirithe amháin, bhí an úsáid fuinnimh san oifig níos ísle. Laghdaíodh an lorg carbóin mar gheall ar laghdú taistil ag foireann atá ag obair go cianda.
- De bharr go bhfuil foirgneamh comhroinnte á úsáid, níl sonraí áirithe faoi choigiltis fuinnimh ag áitreabh an Údaráis in 2021 ar fáil faoi láthair.
- Tá tomhailt fuinnimh an Údaráis ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón Roinn Dlí agus Cirt d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

**Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:**

**Leis an bpost:** **An tÚdarás Póilíneachta**
**4ú Urlár**
**90 Sráid an Rí Thuaidh**
**D07 N7CV**

**Leis an nguthán:** **+353 1 858 9041**
**Le ríomhphost:** **info@policingauthority.ie**
**Ar an ngréasán:** **www.policingauthority.ie**